# Lámhleabhar do PHRÍOMHOIDÍ i scoileanna Lán-Ghaeilge

Ceannaireacht
Ardchaighdeán
Tacaíocht Comhoibriú
Dea-chleachtas



Bainistíocht Spreagadh
Forbairt Fís Treoir

Gaelscoileanna

AN FORAS PÁTRÚNACHTA

Comhfhiontar idir FORAS PÁTRÚNACHTA NA SCOILEANNA LÁN-GHAEILGE agus GAELSCOILEANNA TEO.

Foilsithe ag
GAELSCOILEANNA TEO.
Institiúid Oideachais Marino
Ascaill Uí Ghríofa
Baile Átha Cliath 9

agus

Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge Teoranta
Bloc K3,
Campas Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad,
Co. Chill Dara

© **An Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge** agus **Gaelscoileanna Teo**. 2012

Gach ceart ar cosaint. Níl cead aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh ná eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Réamhrá 04

Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge 05

Gaelscoileanna Teo. 08

1. Dialann Threorach na Scoilbhliana 11

2. Foireann na Scoile 32

3. Rollúchán Scoile 37

4. An Bord Bainistíochta 41

5. Cúrsaí Pearsanta 47

6. An Roinn Oideachais agus Scileanna 58

Acmhainní 66

Innéacs 1 - Foirm shamplach cláraithe do dhaltaí 70

# Réamhrá

Gabhaimid comhghairdeas leat as do phost mar phríomhoide nua i scoil lán-Ghaeilge. Thar ceann pobal na gaelscolaíochta ba mhaith linn mór-fháilte a chur romhat. Aithnímid uile gur ról dúshlánach atá ann, ach spreagann na dúshláin fuinneamh, fonn agus deiseanna iontacha foghlama agus forbartha. Guímid gach rath ort sa ról úr.

Le tríocha bliain anuas tá níos mó ná 150 bunscoil lán-Ghaeilge tar éis teacht ar an bhfód agus bhí ról lárnach ag gach príomhoide i bhfás agus i bhforbairt na scoileanna sin. Tá a lán dúshláin ag baint leis an bpost seo. Le cúpla bliain anuas tháinig roinnt príomhoidí nua le chéile leis na dúshláin ar leith a bhíonn ag príomhoide nua i scoil nua (ach go háirithe) a phlé agus le dea-chleachtas a mhalartú. Uaidh sin d'eascair an smaoineamh don leabhrán seo agus aontaíodh gurb fhiú leabhrán a chur le chéile do phríomhoidí nua sna scoileanna lán-Ghaeilge le cabhrú leo ag tús a ról nua.

Tá neart tacaíochta ar fáil do gach príomhoide agus do phríomhoidí nua ach go háirithe, ach a bheith ar an eolas faoi conas teacht orthu. Is iomaí cláir oiliúna a chuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fáil ach bíonn roinnt mhaith easnaimh ann ó thaobh cláracha oiliúna do phríomhoidí nua sna scoileanna lán-Ghaeilge. Aithníonn na príomhoidí a chuir an leabhrán seo le chéile an tacaíocht a thug Foras Pátrúnachta na Scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaelscoileanna Teo. dóibh, ach go háirithe, chun na bearnaí sa soláthar a líonadh. Déanann an tionscnamh seo iarracht cur leis an tacaíocht atá ann duit trí eolas a chur ar fáil maidir leis na bunghnéithe den phost.

Is próiseas foghlama atá ann i gcónaí agus bheimis an-bhuíoch díot as ucht tuairimí ar conas mar a chabhraigh an leabhrán seo leat, nó aon mholtaí atá agat faoi ábhar nó réimse an leabhráin a fhorbairt.

Is sinne, le meas,

Anita Nic Amhlaoibh - Gaelscoil Nás na Ríogh
Sinéad Ní Nualláin - Gaelscoil Átha Í
Damhnait Uí Ruairc - Gaelscoil Eiscir Riada

# Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge



Is córas pátrúnachta náisiúnta é Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge a bunaíodh sa bhliain 1993. Bunaíodh é le go mbeadh rogha eile pátrúnachta ag gaelscoileanna nua a bheadh ag oscailt sna blianta atá le teacht. Tá an Foras aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna mar chóras pátrúnachta agus tá sé inghlactha agus oiriúnach mar phátrún do scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbun agus ag an dara leibhéal. Is comhlacht teoranta gan scairchaipitil atá mar struchtúr ag an bhForas. Is córas daonlathach atá ann agus tá bunreacht dá chuid féin aige.

Ceann de na buanna atá ag an bhForas Pátrúnachta ná go bhfuil an córas pátrúnachta seo oscailte do scoileanna de gach saghas aicme creidimh, scoileanna ilchreidmheacha agus idirchreidmheacha san áireamh. Bua eile atá aige ná go neartaíonn sé gluaiseacht na scoileanna lán-Ghaeilge go mór sa mhéid is gur eagras náisiúnta é.

Tá líon na ngaelscoileanna faoi phátrúnacht an Fhorais ag méadú ó bhliain go bliain le 59 gaelscoil faoi scáth an Fhorais móide trí ghael-choláiste.

Mar phátrún, bainisteoir agus eagraíocht oideachasúil, creideann an Foras sa mhisean atá aige ó thaobh na Gaeilge agus ó thaobh an chreidimh de. 'Sé sin moladh, cúnamh agus treoir a thabhairt do bhoird, do phríomhoidí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí mar is gá, agus tacú le sainmheon, forbairt agus fás na scoileanna faoina chúram.

## Ról Bainistíochta

Tá an Foras mar bhainisteoir bainteach le ceisteanna a bhaineann le bainisteoirí. Tá sé mar aidhm aige:

- Comhairle agus treoir a thabhairt do Bhoird Bhainistíochta
- Cúrsaí agus seimineáir a eagrú mar is gá do Bhoird
- Seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do Bhoird agus do scoileanna
- Eolas a chur ar fáil faoi ghnéithe éagsúla oideachais
- Nuachtlitir a fhoilsiú
- Treoracha na Roinne agus ciorcláin na Roinne a mheabhrú dár ngaelscoileanna
- Gníomhú ar son ár ngaelscoileanna leis an Roinn agus eagraíochtaí eile
- Rannóg oideachais a riaradh chun déileáil le ceisteanna bainistíochta

Tá an Foras mar phátrún freagrach as déileáil le scoileanna maidir le ceisteanna a bhaineann le pátrúnacht. Tá sé mar aidhm againn:

- Spiorad sainiúil na scoile a chosaint idir Ghaelachas agus Chreideamh
- Aitheantas a lorg ón Roinn Oideachais agus Scileanna do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna nua-bheartaithe
- Faomhadh ceapacháin i scoileanna
- A chinntiú go gcloíonn an ghaelscoil le rialacha agus rialacháin na Roinne Oideachais agus Scileanna agus leis na hAchtanna cuí
- A chinntiú go bhfuil airgeadas, árachas agus rialacha sláinte agus sábháilteachta in ord
- Páirteach i gcainteanna leis an Roinn agus le páirtithe eile faoi cheisteanna cuí oideachais agus fostaíochta
- Freagracht as gnéithe a bhaineann le cóiríocht, cíos, foirgnimh, tógáil agus léasa
- Dúnadh agus nascadh scoileanna
- Idirghabhálaí i gcás aighneas agus réiteach coimhlintí i scoileanna
- Rannóg Pátrúnachta a riaradh chun déileáil le ceisteanna pátrúnachta.

AN FORAS PÁTRÚNACHTA

Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge

Bloc K3, Campas Gnó Mhaigh Nuad,

Maigh Nuad, Co. Chill Dara

eolas@foras.ie

Fón 01-6294110

Caoimhín Ó hÉaghra (Ard Rúnaí) caoimhin@foras.ie

Siobhán Seoighe (Feidhmeannach) siobhan@foras.ie

Caitríona Bairéad (Oifigeach Forbartha le hAitheantas) caitriona@foras.ie

Eoghan Mac Cormaic (Comhairleoir do Scoileanna an Fhorais) eoghan@foras.ie

# Gaelscoileanna Teoranta



Is eagraíocht dheonach í GAELSCOILEANNA TEO. a thugann tacaíocht do na scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbun - agus ag an iar-bhunleibhéal. Bunaíodh an eagraíocht i 1973 nuair a tháinig tuismitheoirí agus múinteoirí na scoileanna lán-Ghaeilge a bhí ann ag an am le chéile le heagraíocht thacaíochta a bhunú don earnáil.

Ó shin tá líon na scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht tar éis fás ó 13 bunscoil agus 5 iar-bhunscoil go 173 bunscoil agus 41 iar-bhunscoil ar oileán na hÉireann. Freisin tá níos mó ná 100 bhunscoil agus 21 iarbhunscoil ag feidhmiú trí Ghaeilge sa Ghaeltacht chomh maith. Ciallaíonn seo go bhfuil níos mó ná 45,000 dalta ag foghlaim trí Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus thart ar 10,000 dalta ag foghlaim trí Ghaeilge ag an dara leibhéal. Tá na figiúirí seo ag fás gach bliain.

Is iad an trí mhór-réimse oibre atá ag GAELSCOILEANNA TEO. ná 1) bunú scoileanna, 2) buanú scoileanna agus 3) forbairt scoilphobail.

**Is iad príomh aidhmeanna na heagraíocht ná:**

## 1. Bunú scoileanna

- Treoir agus tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí agus do dhaoine sa phobal ar mhaith leo bunscoileanna nó iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge a bhunú
- An próiseas bunaithe scoile a éascú trí plé leis an Roinn Oideachais agus Scileanna móide an Patrún
- Plean Bunaithe Gaelscolaíochta a fhorbairt go leanúnach agus a chur i bhfeidhm i gcomhar le Forbairt Naíonraí Teoranta

## 2. Buanú scoileanna

Tacaíocht a thabhairt do scoileanna lán-Ghaeilge trí:

- Obair i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna mar pháirtí oideachais
- Urlabhraí & Stocaireacht thar ceann na scoileanna lán-Ghaeilge
- Líonra Réigiúnda a fhorbairt idir scoileanna mar thacaíocht do scoileanna agus idir-scoileanna
- Tacaíocht do scoileanna faoin gcóras luath-thumoideachais & poiblíocht ar bhuntáiste an chórais
- Oiliúint inseirbhíse a chur ar fáil d'fhoireann na scoileanna ar raon saincheisteanna, ach go háirithe ar an gcóras tumoideachais
- Oiliúint a chur ar na boird bainistíochta i gcomhar leis an bhForas Patrúnachta

- Comhoibriú idir naíonraí agus gaelscoileanna a chur chun cinn trí chomhthionscadail, ábhair bolscaireachta, seimineáir, srl.
- Comhdháil bhliantúil a reáchtáil chun oiliúint chuí a chur ar fáil, chun plé le saincheisteanna na hearnála agus chun deis mhalartaithe saineolais a chur ar fáil do scoileanna
- Cabhrú le réiteach fadhbanna i scoileanna agus comhairle a chur orthu
- Seirbhís eolais agus staitisticí maidir le scolaíocht lán-Ghaeilge a sholáthar don phreas, don phobal i gcoitinne agus do dhaoine i mbun taighde
- Nuachtlitir na scoileanna lán-Ghaeilge a fhoilsiú trí uair in aghaidh na bliana
- Comhoibriú le heagraíochtaí eile gaeloideachais, Gaeilge agus oideachais chun leasa na hearnála gaeloideachais
- Naisc a chothú le heagraíochtaí agus scoileanna eile san Eoraip a mhúineann trí mhiontheangacha eile

## 3. Forbairt Scoilphobail

Forbairt an Scoilphobail a éascú trí chabhrú leis na scoileanna pobal na scoile agus pobal Gaeilge an cheantair a fhorbairt.

- Imeachtaí idir-scoile a reáchtáil agus a éascú do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna
- Seirbhís tacaíochta agus eolais a chur ar fáil do scoileanna maidir le deiseanna úsáide na Gaeilge
- Scléip a reáchtáil - comórtas tallainne ilghnéitheach ar ardán, don iarbhunleibhéal
- Foilseacháin agus ábhair phoiblíochta a fhorbairt a chabhraíonn le réimsí éagsúla agus buntáistí an oideachais trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn

**GAELSCOILEANNA TEO.**
Halla Naomh Pádraig,
Institiúid Oideachais Marino,
Ascaill Uí Ghríofa,
Baile Átha Cliath 9
01-8535195
www.gaelscoileanna.ie

Caibidil 1

# Dialann Threorach na Scoilbhliana



Leagtar amach thíos moltaí chun tú a threorú i dtaobh na bpríomh réimsí oibre atá le cur i gcrích gach mí. Aithnítear nach n-éireoidh leat gach uair na spriocanna a bhaint amach, ach féadfaidh tú i gcónaí na spriocanna sin a bhogadh ar aghaidh go dtí an chéad mhí eile. Moltar duit dialann A4 (ceann acadúil a théann ó Iúil go Meitheamh) a fháil duit féin agus iarracht a dhéanamh gach glaoch / cruinniú a chlárú ann a oiread agus is féidir.

Bíonn Meán Fómhair agus Meitheamh an-ghnóthach de ghnáth. Cuimhnigh nach bhfuil anseo ach treoir agus go bhfuil an-seans go bhfuil rudaí agat féin le baint nó le cur leis na liostaí seo. Is ról dúshlánach í ról an príomhoide agus mar sin cinntigh go lorgaíonn tú tacaíocht agus cabhair leis na nithe seo a chomhlíonadh. Bí cinnte chomh maith am a ghlacadh duit féin agus aire cheart a thabhairt duit féin. Tabharfaidh seo an fhuinneamh duit tabhairt faoi do chuid oibre.

## MEÁN FÓMHAIR

1. Leabhair rolla le comhlánú
2. Clár leabhair le comhlánú (ceann amháin do bhuachaillí, ceann eile do chailíní - clár uimhir a thabhairt do gach páiste sa scoil).
3. Leabhar tinrimh (dearg) le comhlánú gach lá.
   - Is fiú cóipleabhar a chur timpeall chuig na ranganna gach lá ag lorg an tinrimh.
   - Coimeád tinreamh de na múinteoirí anseo freisin.
   - Cláraigh aon n scéal nó fógra atá le déanamh sa chóipleabhar ar post-it (i roinnt scoileanna tá córas ríomhaireachta chun tinreamh a chlárú go lárnach ach de réir an dlí caithfear an leabhar rolla agus an leabhar tinrimh a comhlánú chomh maith).
4. Leabhair scoile le socrú - cinntigh go bhfuil gach leabhar ag gach páiste.
5. Liosta foirne a chur in airde sa seomra foirne de réir sinsearachta foirne.
6. Postanna freagrachta a chur in oiriúint / a cheapadh (lean na rialacha). Is fiú na dualgais seo a chuir in airde sa seomra foirne chomh maith.
7. Cinntigh go bhfuil foirmeacha ceapacháin curtha ar ais chuig an Roinn / conradh tugtha do mhúinteoirí nua (buan nó C.I.D.). Ná tabhair conradh do mhúinteoirí atá ag fáil poist de bharr stádas forbartha na scoile go dtí Mí Dheireadh Fómhair.



8. Litir chuig an Roinn ag deimhniú an clárúcháin (scoil ag forbairt) 30ú lá den mhí.
9. Conradh / socraithe leis an rúnaí / glantóir.
10. Cruinniú den Bhord Bainistíochta: dátaí le socrú do chruinnithe na bliana (moltar ceann in aghaidh an téarma ar a laghad)
11. Cead a fháil do laethanta E.P.V. (laethanta atá ag múinteoirí mar go ndearna siad cúrsa sa samhraidh)
12. Cead a fháil do laethanta riaracháin don phríomhoide má tá tú ag múineadh chomh maith
13. Foireann nua, cén polasaithe / pleanáil a bheidh á dhéanamh i rith na bliana
14. Cead a fháil d'imeachtaí tiomsaithe airgid in ainm na scoile do Choiste na dTuismitheoirí.
15. Socraithe a dhéanamh do CCB Choiste na dTuismitheoirí - coiste nua le toghadh, liostaí le cur timpeall, uimhreacha á lorg chun cabhrú le himeachtaí tiomsaithe airgid nó aon tuairimí atá acu chun airgead a thiomsú agus faoi na rudaí a d'fhéadfaidís a dhéanamh chun cabhrú le rith na scoile, mar shampla, duine chun rudaí a dheisiú, banaltra chun labhairt leis na paistí faoi na lámha a nigh srl.

16. Teagmháil a dhéanamh leis an gcigire faoi aon mhúinteoir atá ag déanamh dioplóma sa scoil.
17. Cruinniú foirne a eagrú.
    - foirm eolais le comhlánú ag na múinteoirí,
    - eolas faoi cad le déanamh mura mbeidh múinteoirí ar scoil
    - cuntais míosúla le bailiú ag deireadh na míosa,
    - feitheoireacht clóis - leabhair le comhlánú má bhíonn droch-iompair nó timpistí
    - leabhar crua i ngach seomra le comhlánú faoi eachtraí as an gnáth
    - leabhair bulaíochta
    - cláraigh páistí déanach ag teacht / imeacht agus páistí á mbailiú go luath,
    - cur beirt pháiste ar theachtaireachtaí i gcónaí, coimeád an príomhoide ar an eolas
    - leabhair rolla le comhlánú,
    - liostaí trealamh i ngach seomra le déanamh chomh maith le trealamh spóirt / ceoil
    - cóip de Pholasaí Caomhnú páistí tugtha do gach bhall foirne.
18. Liosta ionadaithe a fháil (is féidir teagmháil a dhéanamh leis an CMÉ (Cumann Múinteoirí Éireann) / INTO áitiúil). Bíonn aithne ag na múinteoirí ar dhaoine freisin agus is féidir liostaí a lorg ó scoileanna eile. Déan cinnte go bhfuil cóip den liosta seo agat ar scoil agus sa bhaile agus tabhair cóip don leas-phríomhoide freisin.
19. Féilire na bliana a réiteach.
20. Trealamh scoile a aimsiú - liostaí le déanamh.
21. Róta don chlós cóip do gach múinteoir agus ceann ar chrochadh taobh amuigh den oifig / sa seomra foirne.
22. Socraithe do laethanta E.P.V.
23. Cuntas míosúil / scéimeanna bliana máistirbhileoga le tabhairt amach agus le bailiú ar bhata cuimhne USB ag deireadh na míosa / cur suas ar an tiomántán poiblí scoile é.
24. Imeachtaí scoile a reáchtáil, mar shampla snámh, rince ,ceol.
25. Ranganna iar-scoile, a reáchtáil, mar shampla peil, ceol, ceardaíocht, Gaeilge do thuismitheoirí le n-eagrú.



26. C.M.É. (I.N.T.O. Irish National Teachers Organisation) - cinntigh go bhfuil eolas ag daoine faoi.
27. N.P.C. (National Parents Council) ballraíocht le n-íoc ag Coiste na dTuismitheoirí.
28. Gaelscoileanna Teo. ballraíocht le n-íoc.
29. I.P.P.N. (Irish Primary Principals Network / Líonra Príomhoidí Bunscoile Éireann) ballraíocht le n-íoc.
30. Aitheantas buan a lorg ón Roinn nuair atá níos mó ná 50 páiste sa scoil.
31. Bileog eolais le cur abhaile leis na páistí ag lorg uimhreacha teagmhála na dtuismitheoirí, ainm agus uimhir an dochtúra, ainm agus uimhir do dhaoine a bhfuil cead acu na páistí a bhailiú.
32. Críoch na ráithe sa leabhar rolla 30 Meán Fómhair - Cabhraigh le múinteoirí nach dtuigeann conas na huimhreacha a dhéanamh (meantóir).
33. Cúrsaí árachais le socrú idir scoil agus pearsanta.
34. Cinneadh a dhéanamh faoi laethanta riaracháin don Phríomhoide - dátaí, cead srl. mura bhfuil sé / sí ag siúl.
35. Tacaíocht foghlama i bhfeidhm - socraigh leis an múinteoir tosú ar na IEP’s (Individualised Education Programmes) a dhéanamh agus tosaigh ag socrú clár ama. Faigh cead ó na tuismitheoirí.
36. Cóip de pholasaithe agus leabhráin do mhúinteoirí a thabhairt do mhúinteoirí nua sa scoil agus am a chur ar fáil le ceisteanna a fhreagairt dóibh más gá.
37. Monatóireacht, tacaíocht agus cabhair do mhúinteoirí agus baill eile foirne atá nua sa scoil. Socraithe go gcuirfí obair na ndaltaí (ealaíon, scríbhneoireacht) ar taispeáint timpeall na scoile agus go n-athraítear é go rialta.
38. Polasaí úsáid inghlactha (don idirlíon) le bheith sínithe ag gach ball nua foirne.
39. Cúrsaí airgid le socrú leis an gcisteoir - cé atá ag síniú seiceanna, mionairgead, cathain go n-íocfar billí.

40. Nuachtlitir le cur abhaile - múinteoirí nua / ar ais, páistí in am, airgead le híoc, mar shampla, cíos ar leabhair, coinne a dhéanamh chun labhairt le múinteoir agus gan cur isteach ar obair an ranga, lón sláintiúil, laethanta don éide scoile / spórt.
41. Aon fearas atá fós ag teastáil a fháil, mar shampla spórt agus ealaín.
42. Fearas glantacháin le socrú leis an nglantóir (is gá go mbeidh sé faoi ghlas). Fiosraigh cén lá go dtéann na boscaí bruscar éagsúla amach. Cinntigh go ndéanfaí tuáillí a ní.
43. Bosca céad cabhair - cinntigh go bhfuil cúpla ceann agat agus go bhfuil gach rud iontu mar ba chóir.
44. Uimhreacha teagmhála agus seoltaí do na múinteoirí agus na mball eile den bhfoireann le bailiú. Fógraíocht ar dhoirse na seomraí ranga: rúnaí ainmneacha na múinteoirí agus an rang mar shampla Múinteoir Sinéad, Naíonáin Bheaga, chomh maith leis an bpóstaer ón INTO faoi gan cur isteach ar obair ranga. Is féidir le rúnaí na scoile seo a dhéanamh más cuí.
45. Foirmeacha réamhscrúdaithe na ngardaí le bheith tugtha do thuismitheoirí a bheidh ag tabhairt síobanna, cabhrú le snámh srl. agus aon bhall foirne nua nach múinteoirí iad.
46. Cinntigh go bhfuil na naíonáin nua ag socrú isteach. Labhair le tuismitheoirí aon pháiste a bhfuil buairt ort faoi / fúithi.
47. Déan teagmháil leis an sagart / reachtaire chun bualadh leo chun imeachtaí na bliana a phlé leo.
48. Socraithe a dhéanamh do mhonatóireacht MNC (múinteoirí nua cáilithe).
49. Socrú a dhéanamh faoi conas mar a úsáidfear na 36 uair breise de réir Comhaontas Pháirc an Chrócaigh.
50. Cruinniú den bhfoireann in-bainistíochta le socrú.
51. Labhairt leis an gCathaoirleach / Príomhoide eile má tá tú buartha faoi rud éigin nó má tá comhairle de dhíth ort nó má tá dúshláin ar mhaith leat a phlé leis / léi.
52. Cruinniú den Bhord Bainistíochta le socrú don mhí seo.
53. Dul amach le haghaidh lón / cupán caife leis an bhfoireann.
54. Aithin nuair nach féidir leat gach rud a dhéanamh - lorg cabhair nuair atá sé ag teastáil.

## DEIREADH FÓMHAIR

1. Pleanáil scoile - liostáil na polasaithe a bheidh sibh chun tabhairt fúthu i mbliana (úsáid an plean gníomhaíochta 3 / 5 bliana sa scoil chun treoir a fháil)
2. Mura bhfuil foirgneamh buan agat agus go bhfuil an scoil fós ag forbairt: cuir isteach foirmeacha RTA agus RTA1, ceann amháin do na seomraí nua agus an ceann eile ag lorg cead chun na seomraí atá agat a choimeád, do Mheán Fómhair seo chugainn
3. Ócáid d'oíche Shamhna / Féile an Fhómhair a phleanáil agus a reáchtáil.
4. Cruinniú le coiste na dtuismitheoirí - imeachtaí tiomsaithe airgid le socrú don Nollaig agus imeachtaí a bheidh cabhair ag teastáil uathu (aonach na leabhar, céad comaoineach, tráthnóna oscailte). Socraigh cé chomh minic a bheidh an coiste ag bualadh - b'fhéidir uair gach mí nó gach ré mí.
5. Bualadh leis an Sagart / Reachtaire chun na sacraimintí / seirbhís idir-chreidmheach a réiteach.
6. Cruinniú foirne (seans ag úsáid na huaireanta breise). Pléigh imeacht scoile don Nollaig, aon pháiste go bhfuil múinteoirí buartha faoi / fúithi meabhraigh go bhfuil rudaí scoile faoi rún (is gá na rudaí seo a athrá uaireanta). Cuir suas clár cruinnithe seachtain roimh ré sa seomra foirne ag tabhairt deis do mhúinteoirí cuir leis más gá.
7. Comhdháil Gaelscoileanna Teo. agus an Fhorais Pátrúnachta - aontaigh cé atá ag dul ón scoil? Lóistín a chur in airithe. Ionadaí a shocrú, rúin, ainmniúchán agus íocaíocht le bheith seolta ar aghaidh.
8. Téigh i dteagmháil leis an I.C.T. comhordaitheoir i d'ionad oideachais (má tá a leithéid fós ann).
9. Cuntas míosúil le bailiú ag deireadh na míosa. Déan cinnte go bhfuil a fhios ag na múinteoirí cathain go díreach go mbeidh siad uait, is fiú é a chur i gcuimhne dóibh cúpla lá roimh ré.
10. Litir chuig an SFGM (Seirbhís Um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí) ag lorg tacaíochta.
11. Socraithe do phost / eochracha le linn na laethanta saoire.
12. Nuachtlitir le cur abhaile - luaigh laethanta saoire, cruinnithe foirne, gur gá nóta scríofa a chur chuig na scoile má tá an páiste as láthair, dátaí do chruinnithe na dtuismitheoirí srl. Croch an nuachtlitir ar shuíomh gréasáin na scoile.
13. Mionairgead: moltar €100 a bheith ar fáil do gach múinteoir chun rudaí beaga a fháil i rith na bliana - beidh na hadmhálacha ag teastáil don íocaíocht.
14. Páistí na scoile a chlárú sa leabharlann áitiúil agus leabhair a lorg uathu don scoil.

15. Cinntigh go bhfuil clár uimhir agus uimhreacha teagmhála do gach páiste sa scoil.
16. Teagmháil a dhéanamh le do SENO (Special Educational Needs Officer).
17. Ranganna Gaeilge do na tuismitheoirí. Fiosraigh an bhfuil aon duine ar an mbaile a mbeadh suim acu an rang a thabhairt.
18. Is fiú dul i dteagmháil leis an 'sports partnership' a bhaineann leat. Cuireann Kildare Sports Partnership, mar shampla, cúrsaí ar fáil do mhúinteoirí agus faightear fearas iontach ar na cúrsaí seo.
19. Labhair leis an gcisteoir faoi na cuntais chun cinn na bliana seo caite a ghlanadh suas agus a sheoladh ar aghaidh chuig an gcuntasóir le bheith iniúchta. Tá cóip le bheith seolta chuig an bhForas Pátrúnachta, más cuí, nuair a bhíonn siad réidh.
20. Bord Bainistíochta nua le ceapadh Samhain 2015 agus 2019. Tosaigh ag déanamh na socraithe cuí agus déan cinnte go leanann tú na rialacha.
21. Labhairt leis na Comhairleoirí / TDeanna áitiúla le féachaint conas gur féidir leo cabhrú ach go háirithe má tá foirgneamh ag teastáil.
22. Grianghraf scoile a chuir ar aghaidh chuig na meáin áitiúla.
23. Snámh - socraigh cén uair a dhéanfar é.
24. monatóireacht ar conas mar atá ag éirí linn leis an bpleanáil agus athbhreithniú más gá.
25. Coimeád taifead de na huaireanta breise a dhéanann an fhoireann an mhí seo faoi Chomhaontas Pháirc an Chrócaigh.
26. Tacaíocht Foghlama; cinntigh go bhfuil IEP's déanta agus go bhfuil meascán de grúpaí ag teacht amach ó ranganna agus an múinteoir ag dul isteach i ranganna eile chun tacaíocht a thabhairt.
27. Cuairt a thabhairt ar sheomraí ranga nuair is féidir leat.
28. Labhairt leis an gCathaoirleach nó príomhoide eile má tá tú buartha faoi aon rud nó má tá comhairle uait.
29. MNC (múinteoirí nua cáilithe), aon chabhair uathu?
30. Ní féidir leat gach rud a dhéanamh - lorg cabhair nuair atá sé uait!
31. Lorg cabhair chun suíomh idirlíon na scoile a chur le chéile agus a bhainistiú mura bhfuil ceann ag an scoil.
32. Tabhair aire duit féin agus déan iarracht sos ceart a thógáil ag an mbriseadh meántéarma.

## SAMHAIN

1. Cruinnithe na dtuismitheoirí le socrú don mhí seo (lean na rialacha).
2. Réamhullmhúchán d'ócáid don Nollaig mar shampla - dráma, carúil, seirbhís idirchreidmheach.
3. Cuntais míosúla le bailiú.
4. Cruinniú foirne - polasaithe / pleanáil, conas tabhairt faoi chruinnithe na dtuismitheoirí, ócáid don Nollaig, aon pháiste a bhfuil buairt fúthu agus céimeanna le glacadh.
5. Grianghraif oifigiúil de na páistí (Cead a lorg ó na tuismitheoirí iad a úsáid sna meáin / suíomh scoile). Is leor é a dhéanamh leis na naíonáin nua níl aon ghá é a dhéanamh le gach rang.
6. Ócáid don Nollaig don fhoireann a phleanáil.
7. Dul i gcomhairle le N.E.P.S. (National Educational Psychological Service) faoi scrúduithe síceolaíochta a dhéanamh. Bíonn síceolaí NEPS ag roinnt scoileanna agus níl ag scoileanna eile. Déarfaidh siad leat an bhfuil nó nach bhfuil duine ainmnithe ag an scoil agus cé mhéad meastachán saor in aisce atá an scoil i dteideal.
8. Téigh i dteagmháil leis an mBord Sláinte faoi chuairt an bhanaltra / dochtúra. Bíonn an chéad cuairt sna naíonáin bheaga.
9. Cleachtadh dóiteáin - ionadaí sábháilteachta foirne a roghnú, léarscáil éalaithe a chur i ngach seomra. Déan cinnte go bhfuil a fhios ag gach éinne cén ról atá acu. Cleachtadh déanta leis na naíonáin roimh ré i dtreo is nach mbeidh eagla orthu.
10. NEWB (National Education Welfare Board) returns le déanamh má tá 20 lá scoile caillte ag aon dalta.
11. Nuachtlitir le cur abhaile - eolas faoi chruinnithe na dtuismitheoirí, imeachtaí tiomsaithe airgid ag teacht aníos, imeachtaí don Nollaig.
12. Teagmháil a dhéanamh leis na meáin áitiúla, scéalta agus grianghraif a chur chucu.
13. Pleanáil.
14. Coimeád taifead de na huaireanta breise a dhéanann an fhoireann an mhí seo faoi Chomhaontas Pháirc an Chrócaigh.
15. Labhair leis an gcisteoir faoi na cuntais.
16. Tacaíocht foghlama - cinntigh go bhfuil gach rud mar ba chóir.
17. Cuairt ar sheomraí ranga nuair is féidir.



18. Labhair leis an gCathaoirleach / príomhoide eile má tá tú buartha nó neamhchinnte faoi rud ar bith.
19. Socraigh cruinniú den Bhord Bainistíochta don mhí seo.
20. Bualadh le coiste na dtuismitheoirí. Is fiú go mór freastal ar na cruinnithe nuair is féidir leat agus eagraigh oíche sóisialta do na tuismitheoirí don mhí seo chugainn.
21. MNC: deimhnigh go bhfuil ag éirí go maith leo agus go bhfuil na páistí ag foghlaim
22. Aithin nach féidir leat gach rud a dhéanamh agus go bhfuil go leor daoine gur féidir leo cabhrú leat - foireann eile, príomhoidí eile, coiste na dtuismitheoirí, bord bainistíochta.

## NOLLAIG

1. Ócáid scoile a reáchtáil - tá cumarsáid luath tábhachtach! Cinntigh go bhfuil na tuismitheoirí ar an eolas faoi cathain agus cén áit go mbeidh sé ar siúl
2. Cuntais míosúla le bailiú.
3. Cruinniú foirne - plé le déanamh faoi pholasaithe, daoine éagsúla ag freastal ar ranganna tacaíocht foghlama, dátaí agus rudaí ag teacht aníos, scrúduithe caighdeánacha.
4. Returns go N.E.W.B. (páistí a bhfuil os cionn 20 lá scoile caillte acu go dtí seo).
5. Nithe ealaíne a ordú - tabhair an post seo do dhuine eile, rúnaí nó duine le post freagrachta.
6. Labhair leis an gcisteoir faoi na cuntais.
7. Críoch na ráithe sa leabhar rolla 30 Nollaig - tabhair cabhair dóibh siúd a bhfuil sé uathu.
8. Nuachtlitir le cur abhaile - eolas faoi chruinniú foirne, laethanta saoire, oíche sóisialta ag coiste na dtuismitheoirí.
9. Socraithe do phost / eochracha le linn na laethanta saoire.
10. Cuairt ar sheomraí ranga - moladh a thabhairt do na múinteoirí agus na páistí.
11. Socraithe a dhéanamh do phá saoire - 8% don rúnaí / glantóir / airíoch mura bhfuil sé déanta roimhe seo. Féadfar é a thabhairt ó Mheán Fómhair - Nollaig ag saoire na Nollag agus ó Eanáir go Meitheamh ag saoire an tsamhraidh.
12. Coimeád taifead de na huaireanta breise a dhéanann an fhoireann an mhí seo faoi Chomhaontas Pháirc an Chrócaigh.
13. Cinntigh go dtagann an Sagart / Reachtaire ar chuairt le linn na míosa seo ach go háirithe socraigh dátaí leo don chéad fhaoistin, chéad chomaoin naofa agus don Chóineartú má tá na ranganna 2 agus 6 agaibh.
14. Labhair leis an múinteoir / foireann tacaíochta (SEN).
15. Labhair leis an gcisteoir faoi na cuntais.
16. Cuairt a thabhairt ar sheomraí ranga nuair is féidir leat chun moladh a thabhairt do mhúinteoirí agus páistí.
17. Pleanáil conas mar atá ag éirí leis an scoil
18. MNC, breithniú ar cé mar atá ag éirí leo. Aon mheantóireacht de dhíth?
19. Lorg cabhair de réir mar is gá.



## EANÁIR

1. Tosaigh ar an bpróiseas clárúcháin / iontrála mura mbíonn sé déanta roimhe seo;
    - féach ar do pholasaí iontrála & rannpháirtíochta agus bí cinnte go leanann tú é go beacht,
    - dáta don chéad chruinniú le socrú,
    - foirmeacha clárúcháin a ullmhú,
    - litir eolais le seoladh ,
    - Ullmhúchán don oíche oscailte (cathaoireacha / téacs / ábhar bolscaireachta) - cabhair a lorg do seo.
2. Cuntais míosúla le bailiú.
3. Cruinniú foirne - déan plé ar chlárú / iontráil páistí, scrúduithe, laethanta curaclaim / pleanála, moltaí do sheachtain na Gaeilge.
4. Mist le déanamh leis na naíonán mhóra (lean polasaí tacaíocht foghlama na scoile faoi amannaí scrúdaithe mar seo). Socraigh leis an múinteoir tacaíocht foghlama faoi cathain go ndéanfar na scrúduithe caighdeánacha leis na ranganna eile. An Biap / scrúdú oiriúnach eile a dhéanamh le h-aon pháiste sna naíonáin bheaga a bhfuil buairt faoi / fúithi.
5. Nuachtlitir le dul abhaile - eolas le dáileadh faoi chlárú / iontráil páistí, cruinniú choiste na dtuismitheoirí - cathain agus cén áit a bhfuil sé ar súil agus go bhfuil fáilte roimh cách, Seachtain na Gaeilge le teacht.
6. Grianghraf / scéal chuig an nuachtán áitiúil.
7. Labhair leis na comhairleoirí agus TDeanna áitiúla faoi rudaí gur féidir leo a dhéanamh chun cabhrú le forbairt na scoile mar shampla suíomh buan don scoil, ceisteanna a chur ar an Aire sa Dáil.
8. Más scoil nua atá ann, tosaigh ag smaoineamh faoi oscailt oifigiúil a reáchtáil.
9. Socraithe le cinntiú do na sacraimintí.
10. Socraigh an bhfuil uaireanta breise le déanamh an mhí seo agus má tá, cén uair.
11. Breithnigh conas mar atá ag éirí leis na grúpaí pleanála.
12. Cruinniú boird le socrú don mhí seo - litreacha agus téacs le seoladh amach, gach comhfhreagras réidh, tae / brioscaí agus teas don oíche.
13. Ballraíocht leis an bhForas Pátrúnachta a íoc más cuí.
14. Labhair leis an gcisteoir faoi na cuntais.
15. Tacaíocht foghlama.
16. Cuairt ar sheomraí ranga.
17. Labhair leis an gCathaoirleach roimh an chruinnithe boird.
18. MNC - breithnigh an bhfuil aon tacaíocht eile ag teastáil uathu.
19. Lorg cabhair ó dhaoine eile nuair is féidir.

## FEABHRA

1. Cruinniú foirne - déan plé ar cheisteanna a bhaineann le sos gairme / roinnt na ranganna / athruithe ar leabhair liostaí / turais scoile / tuairimí do sheachtain na Gaeilge.
2. Freagraí le seoladh chuig daoine atá ag lorg áiteanna do Mheán Fómhair (taobh istigh de 21 lá ón gcruinniú clárúcháin / am a líonann siad na foirmeacha clárúcháin).
3. Tosú ar lá fhéile Pádraig a ullmhú - páistí / tuismitheoirí le léamh ag an Aifreann (má bhaineann).
4. Seachtain na Gaeilge le socrú - is fiú iarracht a dhéanamh ar a laghad rud amháin a bheith ar súil gach lá .
5. Má tá cead faighte ón Roinn don chéad seomra eile (scoil ag forbairt) tosaigh ag fáil meastacháin ó dhaoine éagsúla agus labhair le d'ailtire faoi chead pleanála.
6. Cuir litir chuig an leabharlann áitiúil faoi leabhar don bhliain ina dhiaidh (Is féidir beart ranga de leabhair áirithe a fháil ar iasacht ón leabharlann).
7. Cuntais Míosúla le bailiú.
8. Daltaí i rang 6 atá ag athrú scoile.
9. Nuachtlitir le seoladh - eolas le dáileadh faoin sos lár théarma, Seachtain na Gaeilge, Lá fhéile Pádraig.
10. Is gá teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí páiste a bhfuil an scoil ag moladh a bhfanadh siar nó páiste a bhfuil an scoil ag moladh go ndéanfaí measúnú ar leith air / uirthi.
11. Druil dóiteáin.
12. Coimeád taifead de na huaireanta breise a dhéanann an fhoireann an mhí seo faoi Chomhaontas Pháirc an Chrócaigh.
13. Turas scoile go háit ar nós stáisiún na nGardaí, nó faigh duine áitiúil le scil faoi leith isteach chun labhairt leis na páistí - dochtúir, fear an phoist, siopadóir, ceoltóir srl.
14. Lá na Leabhar Domhanda an mhí seo chugainn.
15. Lorg duaiseanna saor in aisce do Sheachtain na Gaeilge ó Fhoras na Gaeilge, Conradh na Gaeilge, Raidió na Gaeltachta, TG4, srl.
16. Pleanáil chun tosaigh
17. Labhair leis an gcisteoir faoi na cuntais.

18. Breithnigh conas mar atá ag éirí leis an tacaíocht foghlama
19. Breithnigh an bhfuil aon chabhair ag teastáil ó na MNC agus an bhfuil na nótaí ar fad suas chun dáta acu.
20. An bhfuil aon scéal tagtha ón gcigire?
21. Socraithe don Chéad Fhaoistin más cuí
22. Socraithe don Chóineartú más cuí.
23. Lorg cabhair ó bhaill foirne eile ag socrú Seachtain na Gaeilge.
24. Labhair le do Chathaoirleach nó le príomhoide eile má tá comhairle nó treoir de dhíth.

## MÁRTA

1. Socraigh cén troscáin a bheidh ag teastáil. Cuir litir chuig an gcigire agus chuig an Roinn á lorg.
2. Cruinniú den Bhord Bainistíochta le socrú don mhí seo. Déan plé ar phoist / sos gairme.
3. Agallamh á dhéanamh le tuismitheoirí nua má bhíonn am agat / má tá sé sa pholasaí.
4. Turas scoile le réiteach, cinntigh go dtéann siad go háit nua agus go bhfuil fiúntas oideachasúil ag baint leis.
5. Seachtain na Gaeilge / Lá fhéile Pádraig le cinntiú. Is maith an smaoineamh é rud éigin clainne a shocrú thart ar an am seo mar shampla tráth na gceist clainne oíche éigin ionas gur féidir le tuismitheoirí atá ag obair freastal air agus bíonn ionadh ar na tuismitheoirí faoin méid Gaeilge atá acu féin agus dar ndóigh ag na páistí tar éis imeacht mar seo. Iarr ar na tuismitheoirí iarracht speisialta a dhéanamh chun an Ghaeilge atá acu a úsáid.
6. Grianghraif d'imeachtaí Seachtain na Gaeilge a sheoladh chuig na meáin Gaeilge / áitiúil agus go GAELSCOILEANNA Teo. / Foras Pátrúnachta dá nuachtlitreacha srl.
7. An Cháisc - ealaín agus rudaí scoile.
8. Cuntais Míosúla le bailiú.
9. Cruinniú foirne - plé imeacht le gaelscoil eile (iarratas ar thionscnamh 'imeachtaí idirscoile' le Gaelscoileanna Teo.), troscáin atá ag teastáil, Seachtain na Gaeilge. Lorg moltaí do na turais scoile.

10. Aonach na leabhar le socrú.
11. Nuachtlitir le seoladh - clár do Sheachtain na Gaeilge do gach clann, Lá fhéile Pádraig, lá na leabhar Domhanda.
12. Lá na leabhar Domhanda - d'fhéadfaí ligint dóibh gléasadh suas mar an duine is fearr leo ó leabhair.
13. Coimeád taifead de na huaireanta breise a dhéanann an fhoireann an mhí seo faoi Chomhaontas Pháirc an Chrócaigh.
14. Breithnigh cé mar atá ag éirí leis na MNC agus an bhfuil aon chéimeanna le tógáil. Labhair leis an gCathaoirleach faoi aon ábhar imní nó míshástachta atá agat, má bhaineann.
15. Labhair leis an gcisteoir faoi na cuntais.
16. Breithnigh, an bhfuil mórán pleanála fós le déanamh i mbliana
17. Cuairt ar sheomraí ranga.
18. Tacaíocht Foghlama.
19. Cruinniú den Bhord Bainistíochta le socrú don mhí seo.
20. Socraithe don Chéad Chomaoin Naofa más cuí.
21. Lorg cabhair le Seachtain na Gaeilge.
22. Dul le haghaidh cupán caife / lón leis an bhfoireann am éigin i rith na míosa seo más féidir leat. Uaireanta bíonn imeachtaí trí Ghaeilge ar súil sa cheantar i rith Seachtain na Gaeilge.
23. Críoch na ráithe sa leabhar rolla 30 Márta.

## AIBREÁN

1. Cead a lorg ón Roinn do mhúinteoirí sa bhreis do Mheán Fómhair (scoil ag forbairt. Faigh an cead seo i scríbhinn).
2. Troscán le n-ordú ón Roinn (lean an próiseas mar is ceart, beidh ort trí mheastachán a fháil).
3. Leabhar liostaí le cur le chéile - athruithe le déanamh.
4. Cruinniú 2 le tuismitheoirí nua - éarlais, leabhrán, leabhair liostaí, éide scoile.
5. Bus scoile - Cur ainm, seoladh, dáta breithe na bpáistí, ainm agus uimhir teagmhála na dtuismitheoirí do pháistí nua (naíonáin de gnáth), ar aghaidh go dtí an Rannóg Bus Scoile, Busáras, Sráid an stóras, B.Á.C. 1, ag lorg ticéad dóibh do Mheán Fómhair (má bhaineann).
6. Éadaí scoile le n-ordú ó pé siopa / duine atá i gceist - lig do choiste na dtuismitheoirí é seo a dhéanamh más féidir.
7. Leabhair scoile le n-ordú ó pé siopa duine nó suíomh idirlíon - iarr ar an leas phríomhoide é seo a dhéanamh más féidir.
8. Cúrsaí suíomh buan don scoil le plé leis an Roinn, cathaoirleach, comhairleoirí agus T.D.eanna.
9. Cuntais Míosúla le bailiú ag deireadh na míosa.
10. Nuachtlitir le seoladh abhaile - cruinniú choiste na dtuismitheoirí, imeachtaí tiomsaithe airgid, laethanta saoire na cásca, snámh ag tosú; buaiteoirí na gcluichí spóirt.
11. Coimeád taifead de na huaireanta breise a dhéanann an fhoireann an mhí seo faoi Chomhaontas Pháirc an Chrócaigh.
12. Cuairt ar sheomraí ranga más féidir leat.
13. Torthaí na scrúdaithe caighdeánacha a phlé leis an múinteoir tacaíochta foghlama / múinteoir ranga agus na tuismitheoirí nuair is gá.
14. Tosaigh ag socrú an ealaín agus an leabhrán don chéad chomaoin naofa.
15. Labhair leis an gcisteoir faoi na cuntais.
16. Labhair leis an gCathaoirleach nó príomhoide eile faoi chúrsaí scoile.
17. Aithin nuair nach féidir leat gach rud a dhéanamh, lorg cabhair ó bhaill foirne agus daoine eile nuair atá sé de dhíth ort.
18. Breithnigh an bhfuil ag éirí go maith leis an bpleanáil.
19. Turais scoile deireadh na bliana le cur in áirithe.

20. Breithnigh cé mar atá ag éirí leis na MNC agus an bhfuil aon chéimeanna le tógáil.
21. Socraigh cleachtadh sa séipéal don chéad chomaoin naofa. Iarr ar choiste na dtuismitheoirí cabhrú leis na bláthanna agus tae / caifé. Iarr ar mhúinteoirí na scoile a bheith i láthair ar an lá chun suí leis an gcór

## BEALTAINE

1. Ordaigh na scrúduithe caighdeánacha.
2. Socraithe le cur i gcrích faoi aon phost atá le líonadh. Cinntigh faoin bpainéal sula chuireann tú ar www.educationposts.ie, é. Téigh i dteagmháil leis an bpátrún* faoin mbord agallaimh.
3. Turas scoile le cinntiú.
4. Imeacht le gaelscoil eile - tá deontas ar fáil ó Gaelscoileanna Teo. chun cabhrú le seo - cluiche peile, ceardlann drámaíochta srl. (Imeachtaí Idirscoile).
5. Tosaigh ar na tuairiscí scoile - beidh cabhair faoi leith ag teastáil ó na MNC. . D'fhéadfaí arraidh ar an leas phríomhoide é seo a dhéanamh.
6. Ranganna le socrú leis na múinteoirí do Mheán Fómhair. Tabhair deis dóibh rogha 1-3 a scríobh síos. Aithin nach féidir leat gach duine a shásamh i gcónaí. Is fiú comhairle a lorg ó phríomhoide eile nuair atá tú á dhéanamh, ach is fútsa an cinneadh seo ag deireadh an lae.
7. Cuntais Míosúla le bailiú ag deireadh na míosa. Cuir in iúl cathain go mbeidh siad de dhíth ort.
8. Nuachtlitir le seoladh abhaile. Déan sae (clúdach le seoladh agus é réamhíoctha) a lorg do na tuairiscí scoile, tabhair eolas faoi laethanta saoire bainc, sonraí don chéad chomaoin naofa, turais scoile agus costais, imeacht tiomsaithe airgid, billí le n-íoc.
9. Dáta le socrú don lá spóirt don mhí seo chugainn. Roghnaigh dhá dáta ar fhaitíos go mbíonn tú ag braith ar an aimsir.
10. Cruinniú foirne - déan plé ar ranganna do Mheán Fómhair agus féilire do Mheán Fómhair. Pléigh conas tabhairt faoi na tuairiscí agus dáta chun iad a bheith críochnaithe. Is gá don phríomhoide gach tuairisc a léamh agus é a shíniú, liostaí fearais le cur timpeall (rudaí atá ag an scoil agus rudaí atá ag teastáil do Mheán

*Tá pátrúin éagsúla ag na scoileanna lán-Ghaeilge, ina measc, Foras Pátrúnachta na Scoileanna lán-Ghaeilge, na hEaspaig Caitliceacha, An tAire Oideachais, Easpag Caitliceach & Easpag Protastúnach agus Gaelachas Teoranta.

Fómhair), liosta de na rudaí atá le deisiú in aon seomra, abair leo cén chaoi ina dteastaíonn uait go bhfágfar seomraí sa samhradh.

11. Coimeád taifead de na huaireanta breise a dhéanann an fhoireann an mhí seo faoi Chomhaontas Pháirc an Chrócaigh.
12. Breithnigh cé mar atá ag éirí leis na MNC agus an bhfuil aon chéimeanna le tógáil.
13. Labhair leis an gcisteoir faoi na cuntais.
14. Labhair leis an gCathaoirleach / príomhoide eile faoi aon dúshláin atá agat.
15. Tacaíocht Foghlama.
16. Cuairt ar sheomraí ranga más féidir leat.
17. Cruinniú den bhord bainistíochta le socrú don mhí seo. Eolas le tabhairt faoi cé mhéad páistí nua, céad comaoin naofa / cóineartú, buíochas do chách, socraithe do bhillí / postas / eochracha le linn an tsamhraidh.
18. Cinntigh na leabhair liostaí do Mheán Fómhair ionas gur féidir leat cóip a chur abhaile le nuachtlitir an mhí seo chugainn.
19. Céad Comaoin Naofa: cinntigh go bhfuil gach rud réidh. Lorg cabhair agus tabhair moladh don mhúinteoir ranga. Cuir glaoch ar na nuachtáin áitiúla faoi - gach seans go dtiocfaidh siad chun pictiúr a thógáil ar an lá. Socraigh béile agus cárta buíochais don sagart. Socraigh dáta le grianghrafadóir le teacht chun na scoile chun pictiúr den rang a thógáil. Buíochas don sagart, socraigh dáta le grianghrafadóir le teacht chun na scoile
20. Lorg cabhair nuair a bhíonn sé ag teastáil.

## MEITHEAMH

1. Agallamh do mhúinteoir / í nua, déan cinnte go leanann tú na rialacha anseo, lorg cabhair agus comhairle. Is gá don bhord agallaimh bualadh chun na critéir a shocrú agus ansin an gearrliosta a dhéanamh. Is gá litreacha a sheoladh chuig iarrthóirí seachtain roimh an agallaimh, nótaí ó na hagallaimh a choimeád sa scoil, faomhadh an phátrúin agus an bhord bainistíochta a fháil roimh post ar bith a ofráil, foirmeacha ceapacháin a sheoladh ar ais chuig an Roinn chomh luath is gur féidir i dtreo is go mbeidh íocaíocht ag an múinteoir.
2. Déan socraithe i dtaobh billí / eochracha agus postas do na laethanta saoire.
3. Duine a ainmniú chun déileáil le rudaí nuair atá tú ar saoire.
4. Ócáid dheireadh na bliana le socrú.
5. Lá spóirt - cinntigh é seo agus cur daoine ar an eolas faoi.
6. Tuairiscí le críochnú agus a chur sa phost le nóta ag míniú na téarmaí Gaeilge do thuismitheoirí.
7. Oíche shóisialta do na múinteoirí / foireann na scoile le socrú - iarr ar dhuine eile é seo a eagrú.
8. Athraithe i gcíos do Mheán Fómhair a chur in iúl don Roinn (más cuí).
9. Cártaí buíochais a cheannach (nó úsáid cinn a dhear na páistí sa scoil). Cárta buíochas le tabhairt do gach ball foirne / bord bainistíochta agus ceann do choiste na dtuismitheoirí ag deireadh na bliana.
10. Déan socraithe i dtaobh na seomraí nua réamhdhéanta a bheith ar an láthair agus réidh in am.
11. Trealamh scoile a cheannach don seomra nua (más cuí). Smaoinigh nach mbeidh rud ar bith ann ach nach mbeidh an t-uafás airgid agat. Cabhróidh coiste na dtuismitheoirí leat na rudaí seo a fháil do na páistí.
12. Cuntas Míosúla le bailiú ag deireadh na míosa. Cuir in iúl cathain go mbeidh said uait.
13. Féilire do Mheán Fómhair le socrú, an rud is tábhachtaí ná an dáta a bheidh an scoil ag ath-oscailt.
14. Cáipéisí cuí le seoladh go N.E.W.B.
15. Coimeád taifead de na huaireanta breise a dhéanann an fhoireann an mhí seo faoi Chomhaontas Pháirc an Chrócaigh.
16. Leabhar rolla le suimiú suas ag deireadh na míosa. Beidh cabhair ó na MNC. Féadfar iarraidh ar dhuine eile é seo a dhéanamh leo agus iad a bhailiú ó na múinteoirí uile ar an lá deireanach - deireadh an ráithe agus deireadh na bliana.

17. Lá oscailte do na naíonáin nua - ligint dóibh bualadh leis an múinteoir agus an seomra a fheiceáil.
18. Nuachtlitir le dul abhaile - dáta go mbeidh an scoil ag athoscailt, leabhair liostaí le dul abhaile, buíochas do choiste na dtuismitheoirí agus ráiteas ar cé mhéad airgead a thiomsaigh siad i rith na bliana, buíochas do na múinteoirí / foireann / Bord Bainistíochta, dáta don lá spóirt do rás na dtuismitheoirí, imeacht tiomsaithe airgid, dátaí agus costais do na turais scoile, billí le n-íoc, éadaí scoile.
19. Bualadh le coiste na dtuismitheoirí - buíochas, imeachtaí thar na laethanta saoire, oíche shóisialta - cuireadh do na tuismitheoirí nua.
20. Cruinniú Boird Bainistíochta. (más gá) - toradh ar agallaimh, earcaíochta , eochracha, uimhir teagmhála, seomra nua le teacht, troscáin nua.
21. Mionairgead agus admhálacha le bailiú.
22. Socraigh leis an nglantóir faoi ghlanadh mór sna seomraí ag deireadh na bliana agus faoi teacht ar ais roimh na ndaltaí chun rudaí a ullmhú go háirithe má tá seomra nua i gceist.
23. Foirm - Remote Grant Form le comhlánú do pháiste atá fada go leor ón scoil ach nach bhfuil aon tseirbhís bus ag dul an treo sin. Is gá do na tuismitheoirí an fhoirm seo a shíniú agus tinreamh iomlán na bliana a chuir ann.
24. Pá saoire a shocrú don rúnaí / glantóir / coimeádaí 8%, agus socraigh leo faoi teacht ar ais cúpla lá roimh na bpáistí.
25. Céimeanna pleanála.
26. Tacaíocht Foghlama - liostaí a chur le chéile dóibh siúd go mbeidh cabhair uathu i Meán Fómhair.
27. Labhair leis an gCathaoirleach.

Caibidil 2

# Foireann na Scoile



Is éard atá i gceist le seo ná gach duine atá ag obair sa scoil idir rúnaí, múinteoirí, cúntóirí riachtanais speisialta, glantóir agus coimeádaí. Déan cinnte go gcoimeádann tú gach ball foirne ar an eolas faoi rudaí a bhaineann leo mar sh. laethanta saoire. Tá tábhacht ag baint leis an bpost a dhéanann gach duine sa scoil agus ba cheart buíochas a ghabháil leo ar fad ag amanna faoi leith. Ní ceart go mbeadh deighilt idir bhaill foirne de bharr an phoist a dhéanann siad. Ba cheart go mbeadh fáilte roimh gach ball foirne sa seomra foirne ag am lóin (seachas na daoine atá ag feitheoireacht ag an am sin), agus ag na hoícheanta sóisialta foirne.

Seiceáil leis an Roinn Oideachais cathain gur féidir leas-phríomhoide a cheapadh sa scoil. Go minic is an dara mhúinteoir buan a cheaptar sa scoil a cheaptar mar leas-phríomhoide agus mar sin is ceapacháin an-tábhachtach é an ceapachán seo. Lean na treoracha faoi phoist freagrachta a líonadh go beacht. Tabhair freagracht agus poist don duine seo agus smaoinigh nach féidir leat gach rud a dhéanamh.

Múinteoirí nua (MNC - múinteoirí nua cáilithe / NQT - Newly Qualified Teachers) is gá an-aire agus tacaíocht a thabhairt do na daoine seo sa scoil. D'fhéadfadh nach mbeadh mórán taithí acu ach bíonn siad lán le fuinneamh agus tuairimí agus lán sásta cabhrú don chuid is mó. Ba cheart meantóir a thabhairt don duine seo - b'fhéidir an leas príomhoide nó duine eile le post freagrachta, rachaidh siad chuig an meantóir i bhfad níos tapúla le fadhbanna nó ag lorg cabhair ná teacht chuig an bpríómhoide. Ba cheart duit suí síos leo sa chéad seachtain agus dul tríd rudaí leo mar shampla:

- Lorg cabhair má tá sé ag teastáil ón meantóir nó ón bpríomhoide
- Mínigh dóibh cad go díreach atá ag teastáil ó thaobh nótaí agus pleanála de, mar shampla, baileofar na cuntais míosúla ar an lá deireanach de gach mí
- Conas tabhairt faoi thuismitheoirí - go mbíonn coinne ag teastáil agus nach féidir cur isteach ar obair ranga. Is féidir leis an bpríomhoide a bheith i láthair ag cruinnithe chun tacú leo más gá
- Go bhfuil cabhair ar fáil ón rúnaí le rudaí áirithe
- Go gcabhróidh an múinteoir tacaíocht foghlama leo le h-aon páiste a mbeidís buarthu fúthu
- Treoir má bhíonn timpiste nó eachtra / droch-iompair sa rang - mar shampla cárta dearg ag gach múinteoir lena ainm / hainm ar agus gur féidir é seo a chur chuig an P.O. ma tharlaíonn a leithéid de rud
- Gan a bheith i seomra leo féin le dalta aonar mura bhfuil an doras ar oscailt
- Más i rang naíonáin atá siad cad le déanamh má leanann páiste ag caoineadh nó má fhliuchann siad iad féin
- Leabhar rolla agus cóipleabhar tinrimh le comhlánú gach lá / Databiz srl.

- Lorg nótaí scríofa ó dhaltaí má bhíonn siad as láthair - NEWB
- Cláraigh na rudaí seo: páistí déanach ag teacht ar scoil, páistí déanach á mbailiú ón scoil, páistí á mbailiú go luath ón scoil - is gá don tuismitheoir síniú sula féidir leo an páiste a thógáil
- Feitheoireacht sa chlós, cad atá i gceist - leabhar le comhlánú má bhíonn droch-iompar nó timpiste
- Cinntigh go bhfuil cóip de pholasaithe na scoile acu go háirithe an cód smachta agus polasaí na Gaeilge
- Creideamh na scoile
- Pátrún na scoile
- Foirmeacha eolais na bpáistí atá sa rang acu, aon stair a bhaineann leis an rang, torthaí scrúduithe, tuismitheoirí scartha srl.

## Múinteoir tacaíocht foghlama

Beidh tú ag brath go mór ar an duine seo chun cabhrú leat le cúrsaí oideachais feabhais. Beidh oraibh socrú cén scrúduithe caighdeánacha a dhéanfar le gach rang agus cathain go ndéanfar iad. Is gá dul tríd na céimeanna atá leagtha síos ag an Roinn sula ndéanfar meastacháin ar pháiste.

## Agallamh - Múinteoirí

*De bharr go bhfuilimid in amanna eisceachtúla faoi láthair bí cinnte comhairle a lorg ó do phátrún agus / nó príomhoide faoin bpátrúnacht céanna leat féin sula ndéanann tú aon rud*

Is gá cead a fháil ón Roinn i scríbhinn (más scoil atá ag forbairt atá i gceist) sular féidir aon phost múinteoireachta a fhógairt.

Ag braith ar phátrún na scoile b'fhéidir go mbeidh ort fanacht ar an bpainéal le glanadh sular féidir leat an post a fhógairt.

Is féidir an fógra a chur ar **www.educationposts.ie**

Bí cinnte a rá san fhógra cad chuige an post - buan, sealadach, ionadaíocht. (m.sh. Má dhéanann tú agallaimh do phost ionadaíochta, níl cead post sealadach a líonadh as na hagallaimh sin seachas má tá se ráite go bhfuil post sealadach ann chomh maith).

Is gá coicís a thabhairt d'iarratais a bheith istigh tar éis an dáta deiridh don bhfógra bheith thuas.

Caithfidh an bord roghnaíochta bualadh le chéile chun na critéir a shocrú (caithfidh go mbeidh ar a laghad fear agus bean amháin ar gach bord agallamh, de ghnáth cathaoirleach agus príomhoide na scoile atá i gceist agus príomhoide nó cathaoirleach ó scoil eile).

Caithfear fógra seachtaine i scríbhinn a thabhairt do dhaoine teacht go hagallamh agus is gá na rudaí seo a chur chucu freisin: critéir don phost, am agus áit an agallaimh, sainmheon na scoile, polasaí agus cleachtas Gaeilge sa ghaelscoil (polasaí ar fáil ón bhForas Pátrúnachta más scoil faoin bhForas atá i gceist) agus más gá aon teastais eile nó litreacha mholta a thabhairt leo.

Bíodh scéim mharcála réidh agat agus cóip de na cv'eanna ar fáil do gach duine ar an mbord agallaimh.

De ghnáth bíonn na hagallaimh sa scoil ach is féidir iad a dhéanamh taobh amuigh más gá.

Caithfear nótaí agus marcanna ón agallamh a choimeád ar feadh bliana.

Bíonn ort faomhadh a fháil ón mbord bainistíochta agus ón bpátrún sular féidir leat an post a ofráil (mar shampla is gá do bhoird bainistíochta scoileanna faoin bhForas Pátrúnachta foirm A1 agus foirm A2 a chomhlíonadh).

Déan tairiscint i scríbhinn ag rá go mbraitheann an post ar

- Faomhadh an phátrúin
- Faomhadh na Roinne
- Faomhadh Medmark (iarr orthu dul go www.medmark4teachers.ie agus an ceistneoir réamh-fhostaíochta a chomhlánú )
- Deimhniú gurb ball iad de Chomhairle na múinteoirí
- Má chomhlíonann siad a gcuid dualgais mar a leagtar amach i gciorclán 0063 / 2010 maidir le réamhscrúdú na ngardaí
- Líon daltaí cuí a bheith sa scoil ar an 30 Meán Fómhair (más post scoil ag forbairt atá i gceist)

Má tá duine ag glacadh le post bíonn orthu é sin a chur chugat i scríbhinn agus ní féidir teagmháil a dhéanamh leis na hiarrthóirí eile le rá nach bhfuil an post acu go dtí go bhfuil an litir sin agat.

Bíonn ort na foirmeacha cuí (Foirmeacha ceapacháin na bliana sin agus litir ag lorg faomhadh an phoist / na poist) a chur ar aghaidh chuig an Roinn agus pátrún na scoile faoin gceapacháin.

Ba cheart do mhúinteoirí conradh oibre a shíniú nuair a thagann sé ón Roinn - bíonn dhá cóip ann, ceann amháin don mhúinteoir agus ceann eile don Bhord Bainistíochta.

Tá foirm bhándearg ann do mhúinteoirí de thréimhse shocraithe (conradh) agus tá sé tábhachtach go líonfar isteach cén cúis atá ann leis an bpost agus cad é tréimhse an phoist. Tugann sé seo cosaint duit níos déanaí má mhothaíonn múinteoir go bhfuil cearta acu maidir le post eile sa scoil nó má lorgaíonn siad CID.

Moltar íocaíocht a dhéanamh leis an bpríomhoide ón taobh amuigh as an agallamh a dhéanamh agus ba cheart don Bhord Bainistíochta íoc as béile / nó bia a chur ar fáil don bhord agallamh.



Caibidil 3

# Rollúchán Scoile



Is é seo ceann de na rudaí is tábhachtaí a bhaineann leis an scoil go háirithe más scoil nua nó scoil ag forbairt atá i gceist.

Is ceart tosú ar seo go luath i Mí Eanáir mar tógann gach rud am agus beidh an chéad cheapachán eile ag brath ar na huimhreacha seo.

Beidh ort a chinntiú cé mhéad páiste a bheidh ort a thógáil isteach chun an chéad mhúinteoir eile a fháil agus ná déan dearmad má chailleann tú páiste i rith na bliana go mbeidh ort an uimhir sin a dhéanamh suas freisin.

Is gá go mbeidh polasaí clárúcháin soiléir ag gach scoil. Lorg samplaí ó scoileanna eile mura bhfuil ceann agat. *Tá an Roinn Oideachais ag déanamh athbhreithniú ar pholasaithe rollúcháin scoileanna faoi láthair agus b'fhéidir go mbeidh tionchar aige seo ar na rudaí gur féidir nó nach féidir a chur isteach sa pholasaí amach anseo.*

Is féidir cruinniú a reáchtáil leis na tuismitheoirí nua i Mí Eanáir, agus eolas a thabhairt dóibh faoin scoil ar an oíche sin mar shampla: sainchreideamh, polasaí Gaeilge, an cur chuige a úsáidtear chun daltaí a roghnú don scoil (polasaí clárúcháin) nuair atá níos mó daoine ná áiteanna. Ar an oíche seo comhlánann siad foirm chlárúcháin (féach sampla in innéacs 1) agus caithfear scéal a chur chucu taobh istigh de 21 lá in a dhiaidh sin ag cur in iúl an bhfuil nó nach bhfuil áit acu. Mura mbíonn áit agat dóibh, cuir é sin in iúl dóibh agus bí cinnte go bhfuil sé i scríbhinn acu go bhfuil ceart acu achomharc a lorg faoi rannán 29 den Acht oideachais - (Is fiú foclaíocht chúramach a lorg ó scoil eile don litir seo).

Is féidir cruinniú eile a reáchtáil i Mí Bealtaine agus faoin am seo beidh an chuid is mó dóibh cinnte. Labhraítear faoi na rudaí seo ansin: éide scoile, málaí scoile, an chéad lá ar scoil, lón, am a osclaíonn / dúnann an scoil, obair bhaile, Gaeilge. Is féidir iarraidh orthu an cód smachta agus an polasaí Gaeilge a léamh agus a shíniú ag rá go nglacann siad leis ag an bpointe seo freisin. Is féidir lámhleabhar a thabhairt dóibh le sonraí faoin scoil chomh maith le leabhar liosta agus sonraí faoin éide scoile agus féilire don scoilbhliain rompu.

Reáchtálann roinnt scoileanna tráthnóna oscailte i Mí an Mheitheamh ionas gur féidir leis na páistí teacht isteach chun an scoil a fheiceáil agus bualadh leis na múinteoirí.

## Droch Iompar

Tá rialacha nua tagtha i bhfeidhm le roinnt blianta anuas faoi seo. Lorg sampla de chód smachta agus bulaíochta ó scoil eile mura bhfuil ceann agat.

Déan cinnte go gcláraíonn tú imeachtaí / eachtraí / glaochanna agus cruinnithe ar mhaithe leat féin le cabhrú leat má ardaítear ceist amach anseo.

Má tharlaíonn eachtra is ceart déileáil leis an lá ceanna más féidir, ach lorg cabhair nó comhairle roimh ré má tá sé uait. Déan cinnte go bhfuil tú cothrom agus go labhraíonn tú le gach duine a bhí bainteach leis - bíonn dhá leagan ar gach scéal.

Labhair leis an gcathaoirleach nó le príomhoide eile a bheidh in ann comhairle a chur ort más rud suntasach / tromchúiseach atá i gceist.

## Coiste na dTuismitheoirí

Bíonn na daoine seo an-chabhrach agus cuideoidh siad go mór leat agus leis an scoil. Tá sé thar a bheith tábhachtach gaol dearfach a cothú leo agus freastal ar na cruinnithe nuair is féidir leat agus bualadh leis an gcathaoirleach go rialta.

Roghnaítear tuismitheoirí / caomhnóirí chun dul ar an gcoiste ag an CCB (cruinniú cinn bliana). Ag an CCB is féidir, mar shampla, iarraidh ar dhaoine dhá bhileog a chomhlánú - 1. moltaí d'imeachtaí tiomsú airgead, agus 2. bealaí gur féidir leo cabhrú leis an scoil, mar shampla banaltra atá sásta teacht isteach le múineadh conas na lámha a ní i gceart, siúinéir atá sásta rudaí a dheisiú sa scoil, daoine atá sásta dul ar an gcoiste glas nó cabhrú le gairdín na scoile, cabhrú le léitheoireacht sa scoil.

Aon airgead a thiomsaítear in ainm na scoile téann sé chuig cuntas an bhord bainistíochta agus glacfaidh an bord le moltaí ón choiste seo faoi conas an t-airgead seo a chaitheamh. Moltar don choiste a cuntas airgid féin a bheith acu ach má bhíonn airgead de dhíth orthu le húsáid gur gá dóibh faomhadh a fháil ón mBord Bainistíochta leis an airgead sin a chaitheamh.

Is féidir leis an gcoiste seo clárú leis an NPC (national parents council) gach bliain agus bíonn orthu árachas a bhaint amach chomh maith.

Tá go leor bealaí gur féidir leis na daoine seo cabhrú leis an scoil agus leat agus lig dóibh é sin a dhéanamh (chomh fada is gur féidir).

Moltar duit polasaithe na scoile a chur os comhair an choiste chun a dtuairimí a fháil sula ndéantar faomhadh orthu.

Is fiú go mór go mbeidh bunreacht ag an gcoiste seo ionas go bhfuil míniú ann de na róil éagsúla agus ról an choiste agus nuair a bhíonn soiléiriú ag teastáil.

## Sagart / Reachtaire

Ba cheart duit iarracht a dhéanamh caidreamh a chothú leis an duine nó na daoine seo ag brath ar sainmheon creidimh na scoile. Is fiú go mór iad a fháil isteach sa scoil go rialta chun labhairt leis na páistí agus dul ar chuairt chuig an séipéal. Bí ag faire amach do shagairt le Gaeilge nuair a bheidh rang 2 agus 6 agat sa scoil.

## Muintir an Bhaile / Pobal an cheantair

Is fiú iarracht an-mhór a dhéanamh leis na daoine seo. Nuair a bhíonn urraíocht ag teastáil ón scoil bíonn na daoine seo an-fhlaithiúil, agus ar an iomlán bíonn an-suim acu in dul chun cinn agus forbairt na scoile.



Caibidil 4

# An Bord Bainistíochta



Is é an cúram atá ag an mBord Bainistíochta ná an scoil a bhainistiú. Tá treoir agus rialacha na mBord Bainistíochta le fáil i dtreoirleabhar ón Roinn Oideachais agus Scileanna nó ar an suíomh idirlín atá acu: www.education.ie. Is cabhair mhór é lámhleabhar an CPSMA chomh maith (ar fáil ar líne nó is féidir glaoch ar theach an easpaig chun cóipeanna a ordú). Tá ochtar ar an mBord: beirt atá ainmnithe ag an bpátrún, an príomhoide, oide atá tofa ag na hoidí eile chun dul ar an mBord, beirt thuismitheoir atá tofa ag na tuismitheoirí agus beirt ionadaí ón bpobal atá roghnaithe ag an seisear eile atá ar an mBord. Bíonn tréimhse ceithre bhliain i gceist ag gach Bord. Bíonn cúrsa traenála ann do na baill ag tús an tréimhse nua ach níl aon dualgas orthu freastal. Beidh deireadh leis an gcéad cúpla tréimhse eile atá romhainn i bhFómhar 2011 / 2015 / 2019. Is féidir le h-aon bhall éirí as ag aon am ach scéal a chur ag an mBord agus ní gá dó / di fógra a thabhairt roimh réidh. Is é / í an príomhoide an t-aon duine nach féidir leis / léi éirí as an mBord Bainistíochta ach amháin má éiríonn sé / sí as a p(h)ost. Bíonn ar rúnaí an Bhoird an pátrún a chur ar an eolas má bhíonn aon athrú i mbaill an Bhoird.

Tá rúndacht thar a bheith tábhachtach - déan cinnte go dtuigeann na baill ar fad é seo. Tá na treoirlínte don bhord an-soiléir, ach is fiú iarraidh ar an gCathaoirleach dul tríd na rialacha seo ag tús an chéad cúpla cruinniú.

Is gá don Bhord bualadh le chéile uair sa téarma ach is ghnách don Bhord bualadh le chéile níos minicí ná sin, de gnáth uair sa mhí nó gach ré mí. Is ghnách do na cruinnithe an clár céanna a leanúint, mar shampla:

1. Miontuairiscí
2. Nithe ag éirí astu
3. Comhfhreagras
4. Tuairisc ón gCisteoir
5. Tuairisc ón bPríomhoide
6. Tuairisc ón gCathaoirleach
7. Aon Ghnó Eile
8. Tuairisc aontaithe

Sular ndéantar na róil a phlé, ba chóir machnamh a dhéanamh ar na fáthanna a théann daoine ar an mBord Bainistíochta. Seo roinnt samplaí:

1. Tá bá acu don teanga agus don ghaeloideachas agus tá siad ann ar leas na scoile.
2. Tá siad ag úsáid a b(h)allraíocht ar son a dul chun cinn féin; le tuismitheoirí eile, leis an bpátrún, leis an gcomhairle baile nó grúpaí eile sa cheantar.

3. Féachann sé go maith ar an C.V.
4. Is beag duine eile a bhíonn sásta an post a dhéanamh agus measann sé / sí go bhfuil an dualgas orthu an cúram a thógáil orthu féin.
5. Níl sé / sí sásta leis an dul chun cinn atá a dhéanamh i láthair na huaire agus teastaíonn uathu a bheith páirteach ann ag forbairt agus ag feabhsú cúrsaí.
6. Tá taitneamh ag baint leis an ról.

Tá tacaíocht an Bhoird riachtanach duitse i do ról mar phríomhoide. Coinnigh gaol gairmiúil leo i gcónaí. Déan iarracht daoine a mhúscailt chun obair ar leasa na scoile trí mholadh agus mealladh. Bain úsáid as gach deis chun iad a mholadh go pearsanta agus go poiblí as ucht obair a dhéanamh gan íocaíocht, freagracht a ghlacadh agus iarracht a dhéanamh fadhbanna a réiteach.

## An Cathaoirleach

Tá an Cathaoirleach mar cheannaire ar an mBord Bainistíochta. Go bunúsach tá sé / sí ann chun cathaoirleacht (ord agus eagar) a dhéanamh ar na cruinnithe ach tá ról níos fairsinge ná sin aige / aici. Beidh sé / sí ar bhord agallaimh do gach post sa scoil agus ag síniú foirmeacha ón Roinn Oideachais. D'fhéadfadh sé / sí dul i dteagmháil leis na páirtithe oideachais (an Roinn, an pátrún, srl.) ar son na scoile nó ról a ghlacadh aon deacrachtaí atá ag an scoil a réiteach.

Mar gheall ar go bhfuil ról chomh fairsing sin ag an gCathaoirleach, tá an gaol idir an príomhoide agus an cathaoirleach an–tábhachtach. Is gá go mbeidh tuiscint ag an mbeirt ar an ról atá acu agus go mbeadh siad ag comhoibriú le chéile chun leasa na scoile. Tá sé fíor dheacair don phríomhoide nó don chathaoirleach feidhmiú mura bhfuil tacaíocht aige / aici ón duine eile. Beidh na moltaí seo thíos úsáideach chun gaol maith a chothú:

1. Is obair dheonach atá ar siúl ag an gCathaoirleach. Ná déan dearmad buíochas a ghabháil leis / léi go minic agus go poiblí.
2. Tá saol ag an gCathaoirleach taobh amuigh den scoil. Déan socraithe faoi conas atá tú chun teagmháil a dhéanamh le chéile agus cathain. Cinntigh bealaí cumarsáide (r-phost, glaoch guthán, téacs srl.) agus am teagmhála a oireann díobh beirt le fanacht i dteagmháil lena chéile.
3. Déan iarracht a bheith tuisceanach. Beidh amanna ann nach mbeidh an Cathaoirleach in ann a bheith ansin, an fón a fhreagairt, an fhadhb a réiteach, an litir a scríobh srl.
4. Tá am luachmhar dúinn ar fad. Bí ullamh do chruinnithe nó glaonna leis an gCathaoirleach. Scríobh síos na rudaí atá le plé roimh ré agus mínigh don

chathaoirleach cad atá uait. (An féidir comhairle a thabhairt dom?, an féidir an fhoirm sin a chomhlánú dom? An féidir leat díreach éisteacht?, An féidir leat dul ag an gcruinniú sin? Cad é do thuairim?)

5. Má tá easaontú ann déan iarracht an fhadhb a réiteach gan raic a thógáil ag cruinniú den Bhord Bainistíochta, os comhair na foirne, ag cruinniú coiste na dtuismitheoirí.
6. Is cleachtas maith é go gcoimeádfadh an príomhoide an cathaoirleach ar an eolas faoi chúrsaí scoile. Déan plé leis an gcathaoirleach sula nglacann tú mórchinntí maidir leis an scoil.

Is fiú go mór gaol dearfach a chruthú idir an príomhoide agus an cathaoirleach. É sin ráite in amanna bíonn dúshláin ann. Sa chás ina mbíonn fadhb ann moltar duit:

1. Cuir do mhíshástacht in iúl don chathaoirleach. An féidir na dúshláin atá eadraibh a réiteach?
2. Mura réitítear an fhadhb trí uimhir 1 ba chóir a chur in iúl don bhord bainistíochta go bhfuil easaontas ann. Más fadhb í a bhaineann leis an scoil ba chór moltaí agus comhairle a lorg ón mbord ina iomláine.
3. Mura réitítear an fhadhb trí uimhir 1 & 2, ba chóir duit comhairle a lorg ón bpátrún.
4. Déan comhairle agus tacaíocht a lorg ó phríomhoidí eile, an pátrún, IPPN, INTO srl. - déan cinnte go bhfuil tú ag cosaint príobháideachas na bpáirtithe leasmhara.
5. Ná stop ag léamh agus ag lorg eolais faoi chúrsaí scoile sa chaoi go mbeidh tú i do shaineolaí. De réir mar a thagann forbairt phearsanta ort féin, beidh níos mó muiníne agat agus beidh tú in ann déileáil le réimse mór deacrachtaí tú féin.

## An Cisteoir

Tugann an cisteoir aire do chúrsaí airgid ar son an Bhord Bainistíochta.149Síníonn sé / sí seiceanna scoile (i gcomhar leis an gcathaoirleach / príomhoide) agus coinníonn sé / sí taifead beacht de chaiteachas agus ioncam. Réitíonn sé / sí na cuntais don iniúchóir gach bliain agus tugann sé / sí tuairisc faoi chúrsaí airgid ag an gcruinniú den Bhord Bainistíochta. (m sh. Cé mhéid atá sa chuntas, na billí a íocadh le déanaí agus na billí atá le n-íoc don mhí seo).

Is é an Bord ar fad atá freagrach as airgead na scoile. Níl an ról ag an gcisteoir cead a thabhairt nó a dhiúltú don phríomhoide áiseanna nua a cheannach srl. Is féidir an deacracht seo a sheachaint trí cheist a chur ar an mBord le linn tuairisc an phríomhoide i.e. Ba mhaith liom €400 a chaitheamh ar threalamh spóirt agus iarraim ar an mBord an cead sin a thabhairt dom.

Ba chóir socraithe daingean a dhéanamh faoi lóisteáil airgid i gcuntas na scoile, sé sin cé atá chun é seo a dhéanamh agus an bhfuil córas ann chun cinntiú go bhfuil na lóisteáil ceart agus cruinn.

Ceist eile a ardaítear go minic faoi chúrsaí airgid ná an chóir don phríomhoide seiceanna a shíniú. Cé go mbíonn sé áisiúil go mbíonn an príomhoide in ann seiceanna a shíniú, tá mór-fhreagrachtaí eile ar an bpríomhoide seachas glacadh leis an gceann seo freisin go háirithe i scoil nua. I gcoitinne is fiú go mbeidh an príomhoide in ann seiceanna a shíniú más gá mar beidh sé / sí ar an láthair i gcónaí agus uaireanta bíonn sé deacair teacht ar an gCathaoirleach don dara shíniú.

É sin ráite, ní comhar creidmheasa na scoile tú ach an oiread. Is minic go mbíonn an Bord i bhfiacha na céadta euro don phríomhoide mar tá sé / sí tar éis a airgead féin a chaitheamh ar nithe scoile. Déan iarracht córas a chur ar bun láithreach chun an fhadhb seo a sheachaint m.sh córas airgid tirim, cuntas mionchaiteachais scoile srl.

## An Rúnaí

Is iad na príomhdhualgais atá ag an rúnaí ná na miontuairiscí a choinneáil go beacht agus litreacha a scríobh de réir treoir an Bhoird Bainistíochta. Uaireanta bíonn dualgais eile ar an rúnaí fógraí a chur amach faoi na cruinnithe (is gá fógra seachtaine in scríbhinn a thabhairt do na baill agus go minic cuirtear téacs chucu an lá roimh ré freisin), tuairiscí aontaithe a chur ar fáil do thuismitheoirí srl. Uaireanta feidhmíonn an príomhoide go hoifigiúil mar rúnaí ar an mBord, agus má tá tú sásta an post seo a dhéanamh tá liúntas breise le dul duit ón Roinn ach beidh ort foirm a chomhlánú. Mar go mbíonn tú gnóthach ag na cruinnithe is fiú go mór iarraidh ar dhuine eile na nótaí a ghlacadh ar an oíche agus beidh tú in ann iad a scríobh suas go beacht ar ball, mar shampla an múinteoir eile ar an mBord.

Is deá-chleachtas é na miontuairiscí a dháileadh ar na baill leis an bhfógra scríofa don chruinniú. (in amanna cuirtear cóip scríofa i bhfoirm pointí de thuairisc an phríomhoide ar fáil freisin ag an gcruinniú). Cabhraíonn na cleachtais seo go mór le baill den Bhord nach bhfuil an Ghaeilge labhartha ar a dtoil acu ach atá breá ábalta í a léamh.

Má tá polasaí nua srl., le plé ag an gcruinniú, ba chóir cóip de a chur amach go dtí na baill roimh ré sa chaoi go mbeidh sé léite acu. Ba chóir go mbeadh comhad don Bhord Bainistíochta ann áit a choinnítear miontuairiscí, comhfhreagras, polasaithe srl.

## Na Baill Eile

Tá ceathrar ar an mBord gan aon ról sainiúil. Uaireanta mothaíonn na baill sin go bhfuil siad ann díreach chun an córam a dhéanamh agus nach bhfuil ról acu (Is gá go mbeidh cúigear i láthair chun cruinniú a chur i gcrích). Tá duine le roghnú mar Ionadaí sábháilteachta an Bhoird agus Ionadaí ar Choiste Theagmhais chriticiúla. Dá bhrí sin, is gá cinntiú go bhfuil an Bord ag feidhmiú mar aonad (i.e. nach bhfuil an príomhoide agus / nó an Cathaoirleach ag glacadh na cinntí ar fad agus á mbrú ar dhaoine eile). Moltar tuairimí na mball seo a lorg ar bhonn gníomhach agus féachaint chuige go bhfuil tionscnamh acu má tá ceann uathu.

Caibidil 5

# Cúrsaí Pearsanta



De réir staitisticí atá curtha le cheile ag an IPPN, ní raibh ach 1.9 iarratais do gach post príomhoide sa tír seo sa bhliain 2004. Níl aon ionadh nach bhfuil múinteoirí ag iarraidh a bheith ina bpríomhoidí nuair a léiríonn an suirbhé céanna gur dóigh le níos mó ná 80% de phríomhoidí go bhfuil an ualach oibre atá orthu an-trom nó ró throm.

Is cinnte nach gcuireann daoine isteach ar an bpost ar mhaithe leis an airgead. Ní fhaightear ach cúpla míle sa bhreis ar ghnáth mhúinteoir ranga.

Is léir go bhfuil tréithe áirithe a bhaineann le daoine a éiríonn go maith leo sa phost agus a fhanann ann. Áirítear ina measc:-

1. Cuireann siad ard luach pearsanta orthu féin agus an ról atá acu sa scoil.
2. Oibríonn siad go dian dícheallach.
3. Bíonn scileanna cumarsáide d'ardchaighdeán acu.
4. Tá cur amach acu ar gach gné den oideachas agus leanann siad orthu ag foghlaim.
5. Tá ard-chumas eagrúcháin (pearsanta agus scoile) acu.
6. Bíonn meas acu ar na daoine atá ag obair leo agus bíonn siad in ann an meas sin a chur in iúl.
7. Bíonn féith an ghrinn iontu.
8. Bíonn struchtúr tacaíochta pearsanta agus proifisiúnta maith acu i.e. páirtí, cairde, muintir, príomhoidí eile srl.
9. Bíonn fís acu.
10. Bíonn córas acu chun déileáil le fadhbanna.
11. Bíonn suim éigin eile acu seachas 'an scoil'.

## 1. Cuireann siad ard luach pearsanta orthu féin agus an ról atá acu sa scoil

Is duine ar leith é / í a ghlacann le ról an phríomhoide. Is minic gur cúis bhróid mór pearsanta é an post seo a chur i gcrích agus cabhraíonn féin-mhuinín leis an duine tabhairt faoi go rathúil.

É sin ráite, ní i gcónaí go gcuireann daoine eile an luach céanna ar ról an Phríomhoide. Is duine cumhachtach tú sa scoil agus féadfaidh sé tarlú go gcuirfear rud i do leith. Is gá bunús gach míshástacht agus gearán a fhiosrú, ach gan glacadh le h-ionsaí nó le h-iompar drochbhéasach. Bíodh muinín agat asat féin, creid ionat féin, féach ar an eachtra mar cheacht. Foghlaim uaidh agus lean ar aghaidh!

## 2. Oibríonn siad go dian dícheallach.

Nuair a smaoiníonn tú ar an méid róil oifigiúla atá ag an bpríomhoide (múinteoir ranga, ball den Bhord Bainistíochta, ball de gach coiste atá sa scoil, riarachán, ceannródaí do pholasaithe scoile) agus neamhoifigiúil (rúnaí, glantóir, urlabhraí na scoile, 'fear an tí' agus an duine a dhéanann na postanna nach bhfuil aon duine eile sásta déanamh), níl aon ionadh go bhfuil ualach chomh mór sin ar an bpríomhoide.

Seans go mbeidh tú in ann cuid den obair a roinnt ar dhaoine eile ach bí cinnte de go bhfuil an obair á déanamh acu ar chaighdeán atá sásúil nó beidh tú ag cruthú níos mó fadhbanna duit féin.

## 3. Bíonn scileanna cumarsáide d'ardchaighdeán acu.

Sa phost seo, bíonn tú ag déileáil le daoine an t-am ar fad; daltaí, tuismitheoirí, múinteoirí eile, baill den Bhord Bainistíochta, an pátrún, an pobal áitiúil, na páirtnéirí eile. Is gá go mbeidh tú in ann do mhianta a chur in iúl ar bhealach éifeachtach.
Mar sin:

- Bí soiléir i dtaobh cad atá uait agus cad atá tú ag iarraidh a bhaint amach as an gcumarsáid. Más gá, scríobh cúpla nóta duit féin
- Cuir in iúl don pháirtí eile cad atá uait agus faigh soiléireacht ón bpáirtí eile cad atá uathu
- Déan iarracht caidreamh éigin a bhunú ag an tús agus an páirtí eile a chur ar a c(h)ompord. Bí ionraic mura féidir leat freagra a thabhairt ar an gceist mar shampla, abair nach bhfuil tú cinnte ach go dtiocfaidh tú ar ais chucu
- Bí tuisceanach go mbeidh stíl cumarsáide difriúla agat má tá fearg, brón, tuirse srl. ort agus uaireanta gur fearr an méid seo a chur in iúl don pháirtí eile nó / agus an chumarsáid a dhéanamh ag am eile
- Is minic go mbeidh tú chomh gnóthach sin nach bhfuil tú in ann cluas éisteachta ceart a thabhairt do dhaoine. Más gá déan coinne eile leo
- Déan achoimre ag an deireadh den mhéid a thit amach. Mura bhfuil tú ag iarraidh dearmad a dhéanamh, déan taifead scríofa air!

### 4. Tá cur amach acu ar gach ghné den oideachas agus leanann siad orthu ag foghlaim.

Is iad na príomhfhoinsí eolais ná:

*Ciorcláin agus imlitreacha na Roinne*

Is cleachtas maith é ciorcláin agus aon treoracha eile a thagann ón Roinn Oideachais agus Scileanna a léamh agus a choinneáil i gcomhad faoi leith. Mura bhfuil tú ag baint úsáide as an gcóras OLCS go laethúil (áit ina léirítear na ciorcláin nua de réir mar a fhoilsítear iad) ní bheidh a fhios agat go bhfuil ciorclán nua foilsithe. Mar sin is fiú duit súil a choimeád ar shuíomh idirlín na Roinne, www.education.ie, agus ar shuíomh an INTO, **www.into.ie**, le cinntiú go bhfuil tú ar an eolas maidir le ciorcláin nua.

*Litreacha agus Treoracha ón bPátrún*

Tagann litreacha agus treoracha ón bpátrún i rith na bliana. Bí cinnte freagra a thabhairt ar aon rud atá á lorg ag an bpátrún agus mura mbíonn tú cinnte faoi cuir glaoch orthu. Úsáid na suíomhanna idirlín thíos chun níos mó eolais a bhailiú.

*An tIdirlíon*

Tá na suíomhanna seo a leanas cabhrach:

- www.education.ie
- www.foras.ie
- www.gaelscoileanna.ie
- www.cogg.ie
- www.gaeilge.ie
- www.scoilnet.ie
- www.into.ie
- www.cpsma.ie
- www.ippn.ie
- www.pdst.ie
- www.ncca.ie
- www.ncse.ie

Chomh maith le sin, is féidir úsáid a bhaint as 'Google' chun eolas a lorg.

*Irisleabhair*

Is fiú go mór na hirisleabhair chun tuiscint a fháil ar chúrsaí reatha. Is gnách do réimse leathan teideal teacht ag an scoil: InTouch, nuachtlitir IPPN, nuachtlitir an Fhorais Pátrúnachta, nuachtlitir CPSMA, nuachtlitir Gaelscoileanna Teo., iris Chomhairle na Múinteoirí srl.

*An Curaclam*

Tá sé dodhéanta pleanáil scoile a dhéanamh gan cur amach a bheith agat ar an doiciméid seo. Tá sé ar fáil ar cd-rom idirghníomhach anois ar chostas beag. Tá níos mó eolais ar www.education.ie, www.ncca.ie nó ón oifig foilseacháin rialtas i Sráid Molesworth, BÁC 2. Cinntigh go bhfuil cóip ag gach múinteoir.

*Cúrsaí Inseirbhíse*

Ní hamháin go mbíonn cúrsaí inseirbhíse ann i dtaobh na n-ábhar difriúla ach go mbíonn laethanta ann do phríomhoidí amháin faoi phleanáil (ag braith ar mhéid do scoil), Putting Children First (drochíde ar pháistí), Pleanáil i gcás tubaiste srl.
*Le glacadh Aontú Pháirc an Chrócaigh i 2010, beidh an Roinn ag súil leis go mbeidh aon phleanáil déanta taobh amuigh d'am scoile agus má tá laethanta pleanála ón scoil, is féidir uaireanta as an 36 uair breise a úsáid. Lá amháin breise = 6 uair

*Cúrsaí oiliúna san Ionad Oideachais Áitiúil*

Is gnách don ionad oideachais áitiúil féilire a chur amach gach téarma faoi na cúrsaí seo nó is féidir glaoch a chur orthu. Is fiú glaoch a chur ar d'ionad oideachais áitiúil chun tú féin a chur ar a liosta postais.

*Comhdhálacha*

Is iad na príomh comhdhálacha a bhíonn ar siúl ná Comhdháil an Fhorais Pátrúnachta, Comhdháil Gaelscoileanna Teo. (Samhain) agus Comhdháil an IPPN (deireadh Eanáir). Ní hamháin go mbíonn léachtaí agus ceardlainne ag na comhdhálacha ach go mbíonn deis agat labhairt le príomhoidí eile. Bíonn seastáin ag na comhlachtaí agus eagrais oideachais agus is féidir áiseanna a fháil (uaireanta saor in aisce).
Moltar do sheomra agus d'áit a chur in áirithe an lá a thagann an fógra ag an scoil. Ba cheart don Bhord a bheith sásta na costais a chlúdach.

*Cúrsaí do Phríomhoidí Nua*

In amanna cuireann Gaelscoileanna Teo. cúrsa lae ar fáil do phríomhoidí nua agus tá an eagraíocht agus an Foras Pátrúnachta ag plé le heagraíochtaí gaeloideachais eile tras-teorann le dul i dtreo oiliúint ar leith a chur ar fáil do phríomhoidí gaelscoileanna a bheidh in oiriúint don dá dhlínse ach dírithe ar an ngaelscolaíocht. Cuireann an

'Leadership Development for Schools' an cúrsa 'Misneach' ar fáil do phríomhoidí nua. Íocann an Roinn as na costais ar fad agus íocfaidh siad as ionadaí don rang más gá. Bíonn cúrsa ag an INTO chomh maith. Ba cheart go mbeadh an Bord Bainistíochta sásta príomhoide a scaoileadh le freastal ar na cúrsaí seo.

*Iarchéim*

Reáchtálann na h-ionaid oideachais agus na h-ollscoileanna réimse leathan dioplóma agus céimeanna máistreachta. De ghnáth bíonn ort íoc astu tú féin ach is féidir cuid den airgead a fháil ar ais trí aisíoc cánach. Tá scéim deontais ag an Roinn freisin agus cuirtear imlitir amach faoi gach bliain.

## 5. Tá ardchumas eagrúcháin (pearsanta agus scoile) acu.

Tá saol gnóthach ag an bpríomhoide agus níl ach méid áirithe uaireanta sa lá. Mar sin is gá duit pleanáil a dhéanamh ar cibé am atá agat sa chaoi go mbeidh tú in ann an méid is mó oibre a dhéanamh taobh istigh den méid is lú ama. Mar sin moltar an méid seo a leanas:

*Faigh dialann scoile A4*

1. Coinnigh é san áit chéanna i gcónaí. Ag tús gach seachtaine, scríobh síos na rudaí atá le cur i gcrích agat an tseachtain sin. Cuir marc in aice le gach ní de réir mar a dhéanann tú an jab. Mura n-éiríonn leat gach rud a dhéanamh ar an liosta, cur na nithe sin ar an liosta don tseachtain ina dhiaidh. (Bíonn sé éasca tuairisc an phríomhoide a scríobh don chruinniú Boird má tá sé seo á dhéanamh agat).
2. Déan nóta sa dialann chéanna de chruinnithe / laethanta inseirbhíse srl. freisin.
3. Déan nóta ann d'aon sprioc ama (i.e. is gá foirm na Roinne a bheith sa phost ar an dáta seo).
4. Má chuireann duine éigin (cathaoirleach, múinteoir, tuismitheoir) ceist ort rud éigin a dhéanamh, scríobh sa dialann é freisin.
5. Scríobh isteach ann na laethanta a bhíonn múinteoirí as láthair agus an fáth.
6. Scríobh isteach na laethanta saoire.
7. Coinnigh liosta ann de na háiseanna / nithe atá de dhíth ar an scoil. (i.e. do liosta siopadóireachta)

*Bíodh dialann phearsanta bheag agat féin.*

- Tóg an dialann seo go cruinnithe srl. nach bhfuil sa scoil chun nótaí a scríobh. Is féidir eolas a aistriú isteach sa dialann eile más gá
- Bíodh liosta d'uimhreacha atá tábhachtach duitse ann. (Tá fón póca ag gach duine ach seo d'árachas don lá a théann an fón ar strae!)

*Bíodh dialann san oifig.*

a. Ba chóir don rúnaí nóta a scríobh faoi gach glaoch a fhreagraíonn sí. i.e. ainm, uimhir, am, fáth leis an nglaoch, nithe ag éirí as

b. Ba chóir don rúnaí nóta a scríobh faoi gach cuairteoir a thagann ag an scoil. i.e. ainm, uimhir, fáth leis an gcuairt, nithe ag éirí as

c. Is féidir leatsa liosta jabanna / nótaí a scríobh don rúnaí ann agus is féidir leis / léi marc a chur in aice leo nuair atá siad déanta

Ná déan dearmad go mbeidh an seans go mbeidh tú i mbun ranga nó gnóthach agus an rúnaí ag obair san oifig. Ar an gcaoi seo, tá a fhios agatsa díreach cad a tharla i rith an lae san oifig. Mura bhfuil rúnaí agat, beidh tú féin ag freagairt an fón srl. Sa chás sin, seans gurb fhearr duit an t-eolas a thaifead sa dialann scoile.

*Bíodh leabhar seoltaí agus uimhreacha fóin agat.*

Breac síos ainm, seoladh, ríomhphost, uimhir fóin, facs agus eolas beag faoin gcomhlacht sa leabhar seo. (Tiocfaidh an lá nach mbeidh tú ar scoil agus beidh an t-eolas seo ag teastáil ón bpríomhoide ionaid).

*Bíodh córas agat chun déileáil leis an bpostas.*

Is féidir an postas a rangú mar seo a leanas:

**bruscar** (isteach sa bhosca bruscar ar an bpointe)

**daoine eile** (mar shampla cathaoirleach, coiste na dtuismitheoirí, múinteoirí eile. Déan iarracht an postas seo a scaipeadh ar an lá céanna)

**comhad** (cuir an post seo sa chiseán comhaid agus cuir sa chomhad ceart é amach anseo agus am a bheith agat chuige).

**freagra** (Is gá freagra a thabhairt ar na litreacha seo agus téann siad i gciseán ar bhord an phríomhoide. Nuair atá an freagra scríofa, cuirtear an litir sa chiseán comhaid (nó sa bhosca bruscar más cuí).

*Ná freagair an fón agus tú i mbun ranga.*

Má tá sé tábhachtach, cuirfidh siad glaoch ar ais nó fágfaidh siad teachtaireacht. Bí cinnte go bhfuil gléas freagartha le teachtaireacht ar an nguthán agus go bhfuil sé ag feidhmiú.

*Ná buail le cuairteoirí nach bhfuil coinne déanta acu leat.*

*Bí ullamh do chruinnithe.*
An bhfuil gach doiciméid cuí agat? An bhfuil cóip déanta agat do gach duine, más gá? An bhfuil tú tar éis smaoineamh faoi cad atá tú chun a rá?

*Bíodh plean B agat in am an ghátair.*
Ní féidir leat a bheith réidh do gach aon rud atá chun titim amach ach moltar:-

- cóip a dhéanamh d'eochracha na scoile agus iad a chur in áit sábháilte
- míniú agus treoir a thabhairt don leas phríomhoide roimh ré sa chás go bhfuil tú as láthair
- liosta ainmneacha agus uimhreacha teileafóin de dhaoine atá in ann cabhrú leat (tógálaí, pluiméir srl.) a chur le chéile
- liosta de dhaoine atá sásta ionadaíocht a dhéanamh a chur le chéile
- socraithe a dhéanamh sa chás nach bhfuil an glantóir in ann an scoil a ghlanadh.
- uimhir stáisiún na ngardaí / dochtúir srl. a bheith sa leabhar seoladh
- méid áirithe breise a cheannach i gcónaí mar shampla éide scoile / nithe ealaíne / ábhar glantóireachta / trealamh oifige
- toner sa bhreis don inneall fótachóipeála

*Bíodh córas éifeachtach agat le déileáil le hairgead ó na páistí / tuismitheoirí.*
Mar shampla, tá turas scoile ann. Bailíonn an múinteoir ranga é agus déanann sé / sí taifead ar cé atá tar éis an t-airgead a íoc. Tugann an múinteoir ranga an t-airgead go dtí an oifig. Déantar an t-airgead a chomhaireamh ag cinntiú go bhfuil an t-iomlán céanna ag an oifig agus atá ag an múinteoir. Cuirtear an t-iomlán seo sa leabhar airgid agus cuirtear an t-airgead sa thaisceadán. Moladh eile ná gan glacadh le h-airgead seachas lá ar leith sa tseachtain. Féadfadh an cisteoir an t-airgead tirim a bhailiú ar an lá sin agus é a lóisteáil sa bhanc. Cinntíonn an cisteoir go bhfuil an leabhar airgid cruinn.
Déan cinnte go n-eisíonn an scoil admháil freisin.

## 6. Bíonn meas acu ar na daoine atá ag obair leo agus bíonn siad in ann an meas sin a chur in iúl.

Ní féidir leat gach rud a chur i gcrích leat féin. Tá cúnamh na foirne ag teastáil. Mar sin, is gá duit an tábhacht a bhaineann leo a aithint. Is fiú machnamh a dhéanamh ar an gceist: An bhfuil an fhoireann ag obair duitse nó an bhfuil tusa ag obair ar son na foirne? Seo cúpla smaointeamh chun meas ceart a léiriú ar an bhfoireann:

1. Bí béasach! Gabh buíochas leis an bhfoireann go poiblí agus go príobháideach as ucht an méid a dhéanann siad.

2. Déan iad a mholadh agus bí sainiúil mar shampla: Tá an-jab déanta ag an rang ar an ealaín sin. Rinne tú an-eagrú ar an lá spóirt.
3. Déan a cuid tuairimí a lorg go háirithe má bhaineann an cinneadh leo.
4. Bí tuisceanach go mbíonn drochlá ag gach duine.
5. Bí sásta freagrachtaí a roinnt leo: mar shampla cathaoirleacht ar an gcruinniú foirne, imeachtaí a eagrú, polasaithe srl.
6. Déan iarracht cothrom na féinne a thabhairt do gach duine i gcónaí.
7. Tá duine éigin chun gearán a dhéanamh faoi bhall den fhoireann am éigin. Bí ar an eolas maidir leis an gcóras gearáin aontaithe atá ann idir na páirtithe agus an Roinn Oideachais.

### 7. Bíonn feith an ghrinn iontu.

Cabhraíonn sé leat féin agus leis an bhfoireann más féidir féith an ghrinn a léiriú.

### 8. Bíonn struchtúr tacaíochta pearsanta agus proifisiúnta maith acu i.e. páirtnéir, cairde, muintir, príomhoidí eile srl.

De réir Michael Fullan, a chur páipéar le chéile do Líonra Phríomhoidí Éireann i 2006, seo ceann de na fachtóirí is tábhachtaí. Tá tacaíocht phroifisiúnta ar fáil ó go leor eagrais difriúla: INTO, IPPN, Gaelscoileanna Teo., An Foras Pátrúnachta, d'Ionad Oideachais Áitiúla (Grúpa Tacaíochta do Phríomhoidí) agus go háirithe ó phríomhoidí eile. Ná bíodh moill ort an fón a phiocadh suas agus tacaíocht a lorg.

Ní gá a rá nach féidir luach a chur ar an tacaíocht a thugann do chairde / mhuintir / chlann srl. duit. An bhfuil tú ag tabhairt an aire chéanna don chuid seo de do shaol agus atá tú ag tabhairt don scoil? Bí cinnte go n-aimsíonn tú cothromaíocht mhaith idir do shaol oibre agus phearsanta. Leag síos teorannacha a bhaineann le trasnáil idir d'am oibre agus d'am pearsanta.

### 9. Bíonn fís acu.

De réir Egan, is féidir aon fhadhb a réiteach trí na céimeanna seo a leanas a leanúint:

1. Déan soiléiriú ar cad í an fhadhb.
2. Déan soiléiriú ar cad í an fhís atá agat.
3. Déan na céimeanna gur gá duit a thógáil chun an fhís sin a bhaint amach a shoiléiriú. (i.e. Conas atá tú chun an ceann scríbe sin a shroichinn?)

Is gá agus is fearr féachaint ar an bpictiúr mór ach go háirithe nuair atá na mílte rudaí ag dul an treo mícheart.

## 10. Bíonn córas acu chun déileáil le dúshláin.

Is gá a bheith réamhullmhaithe do na dúshláin atá chun teacht chun cinn. Uaireanta is fearr do cheann a chur sa ghaineamh agus réitíonn an fhadhb í féin ach ar an iomlán is fearr tabhairt faoi í a réiteach. Bíonn gach fadhb difriúil agus mar sin bíonn réiteach difriúla ar gach fhadhb ach seo moladh do chóras a bhféadfaí a leanúint nuair a thugann tú faoi deara go bhfuil fadhb ann:

a. Am a thógáil (más féidir) chun tuiscint mhaith a fháil ar an bhfadhb agus cinntiú nach bhfuil aon easpa eolais nó dul amú ort.

b. Díriú ar na mothúcháin (An bhfuil tú feargach, tuirseach, srl.?) agus iarracht a dhéanamh a bheith aireach nach gcuireann siad isteach go diúltach ar na roghanna a dhéanann tú.

c. Eolas a lorg ag an bpointe seo sa chaoi go mbeidh na féidearthachtaí ar fad ar eolas agat.

d. Tacaíocht a lorg. Níl tú leat féin.

e. An ceann scríbe a shoiléiriú duit féin agus dóchas a bheith agat gur féidir leat é a bhaint amach (ach gan dearmad a dhéanamh an rud nach féidir a dhéanamh - ní féidir a dhéanamh!).

f. Straitéisí a chur le chéile chun an ceann scríbe sin a bhaint amach agus an ceann is fearr a roghnú.

g. A bheith sásta plean B a leanúint mura n-éiríonn le plean A.

Mar shampla, i bhfocail Phríomhoide:-
“tháinig litir ón tiarna talún a rá nach mbeidh léas ag an scoil don bhliain dar gcionn mar gheall ar go raibh an suíomh ar díol. Léigh mé an litir cúpla uair chun a cinntiú nach raibh aon dul amú orm. Bhí mé ar buile agus mheas mé gurb fhearr sos a ghlacadh sular ndearna mé iarracht déileáil leis an bhfadhb seo. Ansin thosaigh mé ag bailiú eolais. Chuir mé glaoch ar an gcathaoirleach, an tiarna talún, eagrais difriúla, polaiteoirí difriúla, baill den Bhord Bainistíochta srl. Rith sé liom nár bhain an fhadhb seo liomsa go díreach ach leis an mBord Bainistíochta agus nach raibh mé in ann an fhadhb a réiteach mé féin. Mar sin bhuail an Bord le chéile chun an fhadhb a phlé. Is léir nach raibh an scoil in ann fanacht san áit ina raibh sé agus mar sin gurb é an ceann scríbe a bhí againn ná an suíomh ab fhearr gurb fhéidir a aithint a fháil don scoil. Ansin, chuir an Bord plean oibre le chéile ag soiléiriú na rólanna a bhí ag gach duine. Leanadh an plean agus d’éirigh linn suíomh nua a aimsiú don scoil.”

**11. Bíonn suim éigin eile acu seachas 'an scoil'.**

Cabhraíonn suimeanna eile leat:

a. déileáil leis an strus a bhaineann leis an bpost

b. an pictiúr iomlán a fheiceáil

c. féin fhorbairt agus féin mheas a chothú

d. bualadh le daoine eile seachas pobal na scoile

e. ábhar cainte eile seachas an scoil a thabhairt duit

f. plean B pearsanta a bheith agat. (Lá éigin, ní bheidh tú i do phríomhoide!).

Caibidil 6

# An Roinn Oideachais agus Scileanna agus Eagraisí Eile



## Ag dul i dteagmháil leis an Roinn

*Litir / Ríomhphost*

Tá na seoltaí agus aonaid den Roinn Oideachais agus Scileanna le fáil sa leabhar fóin nó ar an suíomh **www.education.ie**. Déan cinnte go bhfuil ainm na scoile, uimhir rolla agus d'ainm ar gach litir a théann go dtí an Roinn. Is fearr scríobh go duine seachas aonad. Mura bhfuil ainm agat, is fearr glaoch a chur agus a rá 'Tá litir agam anseo i dtaobh..... Cé dó / di ar cóir dom é a sheoladh?' Coinnigh cóip de gach litir a chuireann tú chuig an Roinn. Uaireanta cailltear an comhfhreagras. Níl Gaeilge ag formhór d'fhoireann na Roinne Ach mar sin féin, bí cinnte go lorgaíonn tú seirbhís as Gaeilge chun go rachaidh sé i bhfeidhm ar an Roinn gur gá dóibh polasaí láidir a bheith acu faoi sheirbhís cheart as Ghaeilge a chur ar fáil. Tá dualgas orthu faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, amhlaidh a dhéanamh.

*Fón*

Tá liosta cuimsitheach d'uimhreacha na Roinne sa leabhar fóin. Is fearr glaoch a chur ar dhuine seachas aonad. Mura bhfuil aithne agat ar dhuine san Aonad sin, cuir an cheist, cé dó / di a bhfuil tú ag caint go luath sa chomhrá. Tabhair d'ainm féin, ainm na scoile, uimhir rolla na scoile agus mínigh cé tú féin (i.e. an príomhoide) ag tús an chomhrá.

- **An Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Mhaoilbhríde, BÁC 1. 01 8896400**

## Oifig an Aire

Má tá tú ag iarraidh dul i dteagmháil leis an Aire nó chun cuireadh a thabhairt go ócáid scoile srl. féadfaidh tú sin a dhéanamh tríd a (h)oifig.

## Aonad na Staitisticí

Cur glaoch ar an Aonad seo má tá leabhar rolla, clárleabhar nó leabhar tinrimh laethúil uait. (Is gá dhá chlárleabhar a bheith agat, ceann do na buachaillí agus ceann do na cailíní). Níl aon chostas ar na leabhair seo.

**Leabhar Rolla:** Ba chóir leabhar rolla a bheith ag gach rang. Is féidir iad a fháil ach glaoch a chur ar an Aonad seo. Ní thagann siad go h-uathoibríoch. Má tá fadhb agat le leabhar rolla, ba chóir glaoch a chur ar an rannóg riaracháin bunscoile in Áth Luain áfach.

**Leabhar Tinreamh Laethúil:** Déantar na hiomláin ó na leabhair rollaí ranga a bhreacadh isteach sa leabhar seo. Tá treoracha ann ach bíonn sé deacair iad a leanúint. Téigh i dteagmháil le príomhoide eile don chéad uair a bheidh tú ag comhlánú an leabhair seo. Síníonn an cigire an leabhar seo nuair a thagann sé / sí ar chuairt. Is gá an leabhar seo a ordú ón Aonad.

**Clárleabhar:** Is gá dhá chlárleabhar a bheith agat, ceann do na buachaillí agus ceann do na cailíní. Scríobhann tú sonraí gach dalta atá cláraithe sa scoil sa leabhar seo. Is gá an leabhar seo a ordú ón Aonad.

Má chailltear / scriostar na leabhair seo, cuireann tú glaoch ar Aonad na Staitisticí chun ceann nua a fháil. Ansin, is gá glaoch a chur ar an rannóg riaracháin bunscoile in Áth Luain chun treoracha a fháil uathu ina thaobh.

**Foirm Staitisticí:** Tagann an fhoirm seo gach bliain sa bhFómhar. Is gá í a chomhlánú agus í a sheoladh ar ais roimh 31 Deireadh Fómhair. Anois déantar ar-líne é agus is fiú é a phriontáil duit féin chun cinntiú go bhfuil gach rud i gceart air sula seolann tú ar ais é. Coinnigh cóip duit féin ar aon nós chomh maith. Foirm fhada chasta atá ann agus lorg treoir ón Aonad nó ó phríomhoide eile más gá. Go bunúsach lorgaítear staitisticí i dtaobh na daltaí atá cláraithe sa scoil agus na daltaí a d'fhág le blain anuas. Bí cinnte a bheith go hiomlán macánta á chomhlánú mar braitheann deontais na scoile ar seo don bhliain.

## Oifig an Chigire

Ag tús na bliana, gheobhaidh tú litir ag cur in iúl duit cé atá mar chigire ag an scoil. Uaireanta cuireann an cigire ceist ort foirm eolais a chomhlánú ag tús na bliana (iomlán ar an rolla, daltaí atá ag déanamh an rang chéanna don dara uair, oidí ar promhadh, líon múinteoirí srl.) nó tiocfaidh sé / sí ar cuairt chun an t-eolas a lorg.

Is gá a chur in iúl don chigire má tá múinteoir ar promhadh an bhliain sin. Má tá do scoil ag lorg aitheantais nó foirgneamh buan, is gá don chigire na foirmeacha cuí a chomhlánú. Tabharfaidh an cigire comhairle agus treoir duit má thagann siad ar chuairt ach is féidir dul i dteagmháil leo ag úsáid an fón nó ríomhphoist. (Bíonn siad an-ghnóthach áfach!) Má chuireann tuismitheoir litir gearáin ag an Roinn faoin scoil, seans go dtitfidh sé ar an gcigire iniúchadh a dhéanamh ar an bhfadhb ar son na Roinne.

Níl sé mar nós ag an Roinn mórthuairisc a dhéanamh ar scoil atá díreach oscailte, ach tá MSU (Measúnú Scoile Uile) á dhéanamh níos luaithe agus níos rialta anois ná mar a bhí.

## Aonad Polasaí ICT

Tagann litreacha ó am go chéile ón Aonad seo i dtaobh teicneolaíocht agus ríomhairí sa scoil. Má tá ceisteanna agat faoi ICT, is fearr dul i dteagmháil leis an NCTE (National Centre for Technology in Education www.ncte.ie) 01 7008200 nó níos fearr fós d'ionad oideachais áitiúla mar beidh comhairleoir teicneolaíochta acu.

- **An Roinn Oideachais agus Scileanna, Bóthar Phort Laoise, An Tulach Mhór, Co. Uibh Fhaillí. 057 9324300**

## An tAonad Pleanála agus Tógála

Tá an t-aonad seo freagrach as gach ghné de chóiríocht scoile. Is fiú duit dul ar an suíomh www.education.ie agus staidéar a dhéanamh ar na foirmeacha, imlitreacha agus treoracha a bhaineann leis an aonad seo.

## Aisíoc Cíosa

Má tá foirgneamh agus suíomh buan agat, ní bhaineann an méid seo leat ach ní hamhlaidh an scéal don chuid is mó de na gaelscoileanna. Má tá seomra réamhdhéanta, foirgneamh nó suíomh ar chíos agat, is gá déileáil leis an aonad seo chun aisíoc a fháil ar an gcíos. Bhíodh sé mar nós na hadmhálacha a chur ar aghaidh chucu tar éis an chíos a íoc ach tá córas nua i bhfeidhm acu anois. Cuirtear sonrasc sé mhí chucu i mí na Nollag agus i mí Meitheamh agus déanann siad íocaíocht amháin isteach i cuntas bainc na scoile (i mí Márta). Oibríonn cúrsaí go mall san aonad seo. Má tá tú ag obair i scoil nua ní bheidh do scoil ar chóras aisíoc cíosa na Roinne ar feadh tamall. Moltar na h-admhálacha agus na sonraisc ar fad a chur chucu ar aon nós agus cóip a choinneáil sa scoil d'aon sonrasc nó admháil a bhaineann le cíos. Dearbhaíonn an t-aonad seo aon litreacha / doiciméid a fhaigheann siad i bhfoirm scríbhinn. Beidh ar an scoil 25% den chíos a íoc iad féin go dtí go bhfuil aitheantas buan ag an scoil.

Is gá foirm a chomhlánú sa téarma deireanach ag lorg cead na seomraí / suíomh don scoilbhliain ina dhiaidh sin a choimeád. (le fáil ón suíomh RTA)

Is gá cead a lorg **roimh mí na Samhna** chun seomra réamhdhéanta nua a fháil. (le fáil ón suíomh RTA 1). Beidh tú ag fanacht ar an aisíoc císa agus an t-airgead d'aon obair tógála do sheomraí nua ar feadh tamaill. Ciallaíonn sé seo go bhféadfadh an scoil a bheith i bhfiacha do chomhlachtaí seomraí réamhdhéanta - de ghnáth tuigeann na comhlachtaí an méid seo ach bí cinnte go bhfuil siad ar an eolas.

## Troscán Scoile

Má tá cead faighte do sheomra nua, is gá iarratas a sheoladh ar aghaidh ag an aonad seo chun troscán scoile nua a fháil. Bíonn ort troscán caighdeánach a fháil. Tá liosta ar fáil ar an suíomh idirlíon. Cuir in iúl don Roinn cén troscán atá de dhíth agus bí uaillmhianach faoi. Cuirfidh siad litir ar ais chugat ag tabhairt cead do mhéid áirithe agus liosta do na comhlachtaí. Is gá trí thairiscint a fháil agus an ceann is ísle a roghnú. Ach tuigeann an Roinn má roghnaíonn tú tairiscint ar leith ní ghá gurb é an ceann is ísle toisc cúinsí seachadadh srl. Cuirtear an sonrasc chuig an Roinn agus cuirfidh siad íocaíocht don troscán ag an scoil. Nuair a thagann na troscán, déan cinnte go bhfuil an méid ceart ann agus nach bhfuil damáiste déanta dóibh. Ba chóir don chomhlacht é a chur le chéile agus é a iompar isteach sa seomra cuí duit. Beidh ar an scoil 10% den costas seo a íoc iad féin go dtí go bhfuil aitheantas buan acu.

## Aitheantas Buan

Nuair atá 51 dalta sa scoil is féidir iarratas a chur ar aghaidh ag an aonad seo chun aitheantas buan a lorg. Is gá don scoil a léiriú go bhfuil na huimhreacha ag fás, go mbeidh éileamh ann don scoil amach anseo agus go bhfuil an scoil in ann forbairt ar an suíomh nó go bhfuil suíomh eile oiriúnach ann ar a bhféadfadh sí fás. Tar éis duit an t-iarratas a chur isteach, cuirfidh an t-aonad foirm chugat agus is gá don chigire scoile agus an Bord Bainistíochta an fhoirm a chomhlánú. Is fiú aitheantas buan a fháil mar is féidir dul ar an liosta do chóiríocht bhuan ansin agus íocfar deontais ar nós mionoibrí srl.

## Cóiríocht Bhuan

Nuair atá aitheantas buan faighte ag an scoil, is gá foirm a chomhlánú (atá le fáil ón suíomh www.education.ie) chun dul ar an liosta do chóiríocht bhuan. Tá an fhoirm chasta agus fada. Cuir glaoch ar an gcigire scoile mar is gá dó / di an fhoirm a chomhlánú. Is gá léiriú ar an bhfoirm an fhorbairt atá chun teacht ar an scoil agus ar an gceantar (tithe nua srl.), an soláthar atá sa cheantar faoi láthair ó thaobh bunscolaíochta de agus na féidearthachtaí ó thaobh suíomh de. Tá gach mír eolais mar chabhair. Moltar duit athbhreithniú a dhéanamh ar an iarratas do chóiríocht bhuan go rialta. Mar shampla má thógtar eastát tithíochta nua i do cheantar, má fhaigheann an scoil suíomh buan, fás ar na huimhreacha sa scoil srl.

Faoi láthair (Márta 2011), tá deontas ICT ar fáil nuair a éiríonn leat foirgneamh buan an fháil, €5,000 in aghaidh an tseomra gnáthranga atá i gceist.

- **An Roinn Oideachais agus Scileanna, Cor na Madaidh, Áth Luain, Co na hIarmhí 090-6474621 / 090-6483600**

## Riarachán

Má tá ceisteanna, eolas srl. uait faoin Roinn, cuir glaoch ar an uimhir seo. Más gá duit an scoil a dhúnadh ar fáth speisialta, ba chóir cead an Bhoird a fháil agus glaoch a chur ar an uimhir seo.

## An Rannóg Íocaíochta

**Múinteoir Nua:** Téigh i dteagmháil leis an Aonad seo chun cead a fháil (i scríbhinn) múinteoir nua a cheapadh. Eisítear imlitir gach bliain ag soiléiriú an méid dalta atá ag teastáil chun múinteoir eile a cheapadh (an sceideal ceapacháin). Is gá na foirmeacha cuí a bhaineann le ceapachán mhúinteora (buan nó sealadach) a chur ar ais ag an aonad seo freisin.

**Post Freagrachta:** Tar éis duit na coinníollacha cuí a leanúint i dtaobh na gceapachán seo, (treoir ar fáil i lámhleabhar an CPSMA do Bhoird Bainistíochta), ba chóir an fhoirm cuí a chomhlánú agus a sheoladh ar ais ag an aonad seo. Faoi láthair tá moratóir ar aon phostanna fhreagrachta a líonadh seachas post an phríomhoide tánaisteach agus i gcásanna scoileanna nua, an chéad phost fhreagrachta ach arís, is fiú é seo a chinntiú sula ndéanann tú aon rud faoi.

**Saoire Máithreachais srl:** Lean na ciorcláin, ach go háirithe ciorclán 0011 / 2011 agus bí aireach go gcuirtear gach eolas ar OLCS (www.esinet.ie). Mura bhfuil tú cláraithe leis an gcóras OLCS fós, déan cinnte de go bhfuil. Bíonn dualgas ar an scoil é seo a chlárú ar an gcóras OLCS 6 sheachtain roimh ré.

**Ionadaí:** Má tá múinteoir ag ionadaíocht do mhúinteoir sa scoil, is gá an múinteoir atá as láthair agus aon ionadaí a úsáidtear a chur isteach ar an gcóras OLCS. Bí cinnte nach gcuirtear isteach ar an OLCS é gan teastas an mhúinteora faighte ag an scoil. Bíonn ar an scoil gach teastas a choinneáil (leis an uimhir OLCS ar an gcúl de) mar fhianaise agus déantar iniúchadh ar na teastais seo go rialta. Má tá múinteoir ag freastal ar chúrsa, ba chóir go dtabharfadh siad foirm ar ais don fhillteán OLCS chomh maith. Lorg teastais ó na múinteoirí an chéad seachtain ar ais tar éis an tsamhradh d'aon chúrsa samhraidh atá déanta acu. Arís cuirtear iad seo i bhfillteán OLCS na bliana sin. Mura mbíonn ionadaí cláraithe ar OLCS, bíonn ort iad a chlárú agus tógann sé sin cúpla lá. Ní féidir íocaíocht a lorg dóibh go dtí go mbíonn siad cláraithe.

**OLCS:** Bíonn ar an scoil laethanta saoire na bliana a líonadh ar OLCS ag tús na bliana chomh maith. Má chailltear laethanta eisceachtúla (sneachta srl.) is gá iad a chlárú ar OLCS.

**Fiosraithe i dtaobh Cúrsaí Pá:** Ní ghlacann an t-aonad le glaochanna ach ag amanna áirithe den lá. (2.30 - 4.30i.n.) Déan cinnte go bhfuil d'uimhir PPS agus uimhir múinteora réidh agat.

**Sos Gairme: Ciorclán 0010 / 2011;** Má aontaíonn an Bord sos gairme a thabhairt do mhúinteoir, is gá an cead sin a chur i scríbhinn don mhúinteoir. Mura dtugann an Bord cead do shos gairme, beidh orthu é seo a chur i scríbhinn ag tabhairt na fáthanna nár tugadh é. Bíonn ar an scoil aon shos gairme a chlárú ar OLCS roimh nó ar 1 Bealtaine sula dtosaíonn an sos gairme.

*Pinsean*

Caithfidh tú aon iarratas ar eolas a chur i scríbhinn chuig an Roinn Oideachais. Níl siad sásta eolas a thabhairt amach ar an bhfón. Tá go leor athraithe ar seo le cúpla bliain anuas agus níos mó athraithe ag teacht. Bí cinnte go bhfuil tú ag íoc an méid ceart - agus gan a bheith ag déanamh faoi-íocaíocht nó ró-íocaíocht.

## Eagrais eile atá bainteach leis an Roinn Oideachais agus Scileanna

### National Educational Psychological Service (NEPS) / An tSeirbhís Náisiúnta Siceolaíochta Oideachais 01-8892700

Cuireann an t-eagras seo seirbhísí siceolaíochta ar fáil. Féadfadh nach bhfuil an scoil clúdaithe faoi NEPS afách. Mar sin beidh ort siceolaí a aimsiú chun tástálacha siceolaíochta a dhéanamh ar pháistí. De ghnáth clúdaíonn NEPS na costais a bhaineann le méid áirithe tástálacha i rith na bliana.

Tá NEPS iad féin cabhrach ó thaobh eolas a chur ar fáil, pleanáil i dtaobh tubaistí srl. Seans go bhfuil an Bord Sláinte ag cur seirbhísí siceolaíochta ar fáil i do cheantar freisin.

### National Education Welfare Board (NEWB) / An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais 01 8738600 (www.newb.ie)

Tá sé de dhualgas or an scoil tuarascáil a chur ag an NEWB má chailleann páiste 20 lá scoile. Tá foirmeacha le fáil ón NEWB nó is féidir é a dhéanamh ar an idirlíon. (Is fiú clárú leo chun é a dhéanamh ar an idirlíon). Tá ráithe difriúla á n-úsáid ag an NEWB ná mar atá ag an Roinn Oideachais.

Má chláraíonn páiste i do scoilse, ba chóir litir a chur ag a s(h)eanscoil ag cur an méid seo in iúl dóibh.

Fiú má chailleann páiste níos mó ná 20 lá seans nach gcloisfidh na tuismitheoirí aon rud ón NEWB. Cuireann siad tuairisc bhliantúil ar ais ag an scoil.

## National Council for Special Education (NCSE) / An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta 046 9486400

Tá an t-eagras seo freagrach as oideachas speisialta. Tá SENO ainmnithe do gach scoil. Seans go dtiocfaidh sé / sí ar cuairt nó is féidir glaoch a chur ar an NCSE. Má tá tástáil déanta ar pháiste agus tá an páiste i dteideal múinteoir speisialta nó cúntóir, déanfaidh NCSE déileáil leis an iarratas. Cuireann an Roinn múinteoir tacaíocht foghlama / acmhainne ar fáil don scoil ag braith ar an méid daltaí atá sa scoil. Bíonn na múinteoirí agus cúntóirí a chuirtear ar fáil do pháistí de bharr torthaí tástálacha sa bhreis ar an líon múinteoirí ranga agus tacaíocht foghlama faoin leithdháileadh ginearálta.

## An Chomhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) 01 6340831

Tá an-obair á dhéanamh ag COGG, gur comhlacht reachtúil iad, chun áiseanna foghlama agus teagaisc a chur ar fáil trí Ghaeilge. Tá liosta cuimsitheach d'áiseanna ar fáil ar an suíomh atá acu - **www.cogg.ie.**

# Achmhainní



Ta sé mar aidhm ag gach gaelscoil gaeloideachas den scoth a chur ar fáil do na daltaí. Chun an méid seo a chur i gcrích is gá go mbeidh áiseanna den scoth agat idir leabhair, trealamh ealaíne, trealamh spóirt, áiseanna teagaisc, leabhair tagartha do na múinteoirí srl. Ach ní bheidh ach méid áirithe airgid ag an scoil chun na hacmhainní seo a cheannach. Tá sé mar aidhm ag an gcaibidil seo leideanna a thabhairt duit chun acmhainní den scoth a aimsiú go héifeachtach.

## Eolas

Sular ndéantar cinneadh acmhainní a cheannach, is fiú eolas a bhailiú faoi cad atá le fáil agus cén costas atá orthu. Foinsí maithe eolais ná:

1. Catalóg / paimfléid
2. Suíomh idirlíon COGG nó catalóg COGG
3. Moltaí ó mhúinteoirí / scoileanna eile
4. Eolas / moltaí ón Ionad Oideachais áitiúla
5. Díoltóirí a thagann ag an scoil
6. Comhdhálacha
7. Moltaí ó chuiditheoirí PDST
8. Moltaí ó laethanta inseirbhíse

Is fiú machnamh a dhéanamh faoi cad atá de dhíth ón scoil freisin. Tar éis don fhoireann iniúchadh a dhéanamh ar na nithe atá ann faoi láthair, is féidir liosta siopadóireachta a chur le chéile ag tosú leis na nithe atá práinneach.

## Sladmhargadh a fháil

Agus tú ag cur an ordú is fiú ceisteanna mar ‘An bhfuil lascaine ann do scoileanna?’, ‘An bhfuil lascaine ann má táimid ag ceannach níos mó nó ceann amháin?’, ‘Dúirt an tUasal ------------- go ndéanfá margadh liom.’ , ’An dtabharfaidh tú -------- saor in aisce dúinn?’ Ní féidir leis an duine ach diúltú duit agus má tá tú chun na nithe a cheannach ar aon nós, níl aon rud caillte agat.

## Acmhainní a fháil saor in aisce

Más scoil nua í do scoil tá gach seans nach mbeidh pingin rua ag an scoil chun acmhainní a fháil. Seo chugat cúpla smaoineamh maidir le h-áiteanna ina féidir acmhainní saor in aisce a fháil:

### Leabharlann an Chontae

Cuireann leabharlann an chontae leabhair ar fáil do bhunscoileanna saor in aisce. Is fiú dul i dteagmháil leo.

### Díoltóirí

Ná lig do dhíoltóir ó chomhlacht leabhair do scoil a fhágáil gan beart leabhair, póstaer srl. a fhágáil ina dhiaidh. Ní gá duit ordú a thabhairt dóibh. Lorg samplaí d'ábhair.

### Ionad Oideachais

Mínigh do chás don Ionad Oideachais áitiúla agus tabharfaidh siad réimse mhór acmhainní duit ar iasacht nó saor in aisce.

### Scoileanna Eile

Bíonn scoileanna eile ag fáil réidh le hacmhainní ó am go chéile.

### Comhdhálacha

Tóg mála mór leat agus déan é a líonadh ó ábhar na seastáin

### Foras na Gaeilge agus eagrais Gaelacha eile

Cuir glaoch orthu agus mínigh do chás. Cuirfidh siad neart póstaeir, pinn luaidhe, suaitheantais, leabhair srl. ar fáil duit.

### Tuismitheoirí na Scoile

An bhfuil siad sásta acmhainní a thabhairt mar bhronntanas don scoil? An bhfuil a fostaitheoir sásta urraíocht a dhéanamh ar acmhainní don scoil?

### Comhlachtaí Áitiúla

Mar shampla Intel- ríomhairí a lorg uathu. Cuirfidh siad trealamh spóirt ar fáil don scoil.

### Scéimeanna Dearbháin

Tesco srl. Ba chóir glaoch a chur ar an ollmhargadh áitiúil mar is ghnách dóibh dearbhán sa bhreis a thabhairt do na scoileanna.

### Cumann na mBunscoil / CLG / IRFU srl.

Bíonn siad sásta póstaeir, leabhair, múinteoirí nó / agus trealamh a chur ar fáil ar phraghas íseal agus saor in aisce.

## An Bord Bia / ENFO / HSE / Bord Iascaigh Mhara / National Safety Council of Ireland

Cuireann na heagrais stáit pacáistí eolais, póstaeir srl. ar fáil saor in aisce.

## Youth Service Áitiúla

Réimse seirbhísí saor in aisce - fótachóipeáil, páipéar, leabhair srl.



# Innéacs 1 - Foirm shamplach chláraithe do dhaltaí

Ainm & Seoladh na Scoile
Guthán na Scoile

Ainm(neacha) agus Sloinne an pháiste ..............................................................................
*Name(s) and surname of child*
Seoladh **/** *Address*........................................................................................................................
..........................................................................................................................................

Guthán: Baile........................................... Obair.................................. Póca...............................
*Telephone: Home* *Work* *Mobile*

Dáta Breithe ....................................... Dáta Tosaithe sa Scoil .........................................
*Date of Birth* *Date commencing school*

Ainmneacha na dTuismitheoirí / gCaomhnóirí / *Name of Parents / Guardians*:

Athair / Caomhnóir 1 ..................................................................................................
*Father / Guardian 1*

Máthair / Caomhnóir 2 ................................................................................................
*Mother / Guardian 2*

Teagmhálaí i gcás práinne / *Contact in case of emergency*:
Ainm, seoladh agus uimhir gutháin / *Name, address and phone number*

..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................

Reiligiún / *Religion* ..........................................................................................................

Dáta Baiste / *Date of Baptism* ...........................................................................................

Áit inar Baistíodh / *Place of Baptism* ..................................................................................

Slí Beatha:

An tAthair / Caomhnóir 1 ..........................................................................................

An mháthair / Caomhnóir 2 ..........................................................................................

Aon Scoil / Naíonra a d'fhreastail an dalta ar cheana / *Any school / naíonra that the child has previously attended* ..........................................................................................

Cumas sa Ghaeilge (cur tic sna boscaí cuí) / *Ability in Irish (please tick)*

| | | Tuiste(í) / Caomhnóir(í) / *Parent(s) / Guardian(s)* | |
|---|---|---|---|
| | Páiste / *Child* | Athair / *Father* | Máthair / *Mother* |
| a. Cainteoir dúchais / *Native speaker* | ❑ | ❑ | ❑ |
| b. Gaeilge mhaith / *Competent* | ❑ | ❑ | ❑ |
| c. Ar bheagán Gaeilge / *Some Irish* | ❑ | ❑ | ❑ |
| d. Tuiscint / *Understanding* | ❑ | ❑ | ❑ |
| e. Gan Gaeilge ar bith / *No Irish* | ❑ | ❑ | ❑ |

Aon fhadhb phearsanta nó tinneas ba chóir (ar son leas an pháiste) a bheith ar eolas ag an scoil (cuir tic leis na boscaí cuí) / *Any personal difficulties or illness which (for the child's welfare) should be known to the school (please tick)*

| | Tá / *Yes* | Níl / *No* |
|---|---|---|
| a. Deacracht chainte / éisteachta / *Speech / Hearing Problems* | ❑ | ❑ |
| b. Asma / *Asthma* | ❑ | ❑ |
| c. Celiac | ❑ | ❑ |
| d. Diaibéiteas / *Diabetes* | ❑ | ❑ |
| e. Titimeas / *Epilepsy* | ❑ | ❑ |
| f. Haemaifilia / *Haemophilia* | ❑ | ❑ |
| g. Ailléirgí / *Allergy* | ❑ | ❑ |
| h. Tinneas Eile | ❑ | ❑ |

I gcás timpiste sa scoil, an bhfuil cead an páiste a thabhairt go dtí an t-ospidéal?
Tá cead ❑ Níl cead ❑ *In the case of an accident in the school, do you give your permission to have your child brought to the hospital?* *Yes* ❑ *No* ❑

An bhfuil cead síniú d'obráid más gá? Tá cead ❑ Níl cead ❑
*Do you give permission to sign for surgery if necessary?* *Yes* ❑ *No* ❑

Ainm an Dochtúra Clainne.................................... Guthán..........................................
*Name of Family Doctor* *Telephone*

Páistí eile sa chlann / *Other children in the family*

| Ainm / *Name* | Aois / *Age* | Scoil / Coláiste | Rang / *Class* |
|---|---|---|---|
| ............................................. | .............. | ............................... | ............ |
| ............................................. | .............. | ............................... | ............ |
| ............................................. | .............. | ............................... | ............ |

Dáta an Iarratais / *Date of Application* ..........................................................................

Táim sásta le haidhmeanna Gaeilge agus oideachasúla na Scoile agus, dá réir, déanfaidh mé gach dícheall tacú le mo pháiste sa bhaile, na haidhmeanna sin a bhaint amach.
*I am satisfied with the Irish Language and Educational aims of the school, and, accordingly, I will make every effort to support my child at home, to achieve those aims.*

Síniú an Tuismitheora / Chaomhnóra ..........................................................................
*Signature of Parent / Guardian*